2010

ODAO

Tuarascáil Bhliantúil an Oifigigh Achomhairc um Míchumas

ODAO

Office of the Disability Appeals Officer
Oifig an Oifigigh Achomhairc um Míchumas

PRN: A11/0917

ODAO

Office of the Disability Appeals Officer
Oifig an Oifigigh Achomhairc um Míchumas

30 Meitheamh 2011

Kathleen Lynch TD
An tAire um Míchumas, Comhionannas, Sláinte Mheabhrach agus Daoine Scothaosta
An Roinn Sláinte
Teach Hawkins
Baile Átha Cliath 2

A Aire Lynch, a chara,

I gcomhréir le forálacha Alt 17 den Acht um Míchumas, 2005, seolaim leis seo tuarascáil ar ghníomhaíochtaí m'Oifige le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010.

Is mise, le meas

Teresa Dykes
An tOifigeach Achomhairc um Míchumas

Cuspóir:

“Seirbhís achomhairc míchumais atá neamhspleách, inrochtana, trédhearcach agus cóir a sholáthar ar bhealach tráthúil agus cúirtéiseach.”

Clár na nÁbhar

Leathanach

Brollach **5**

Caibidil 1:

Tús Eolais **7**

Caibidil 2:

Próiseas Achomharc 2010 **12**

Caibidil 3:

Staidéar ar Chásanna **21**

Caibidil 4:

Athbhreithniú ar Oibriú an Achta um Míchumas 2005 **41**

Caibidil 5:

Comhairliúchán leis na Páirtithe Leasmhara **47**

Caibidil 6:

Rialachas Corparáideach **49**

Caibidil 7:

Cúrsaí Oibriúcháin agus Eagraíochtúla **51**

Aguisíní **53**

Brollach an Oifigigh Achomhairc um Míchumas

Is áthas liom ceathrú Tuarascáil Bhliantúil an Oifigigh Achomhairc um Míchumas a chur faoi bhráid an Aire um Míchumas, Comhionannas, Sláinte Mheabhrach agus Daoine Scothaosta. Agus mé mar Oifigeach Achomhairc um Míchumas, tá mé faoi shainordú faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas, 2005, cinneadh a dhéanamh nó idirghabháil a dhéanamh ar Achomhairc a thaisctear mar gheall ar thoradh, nó ar neamh-fhorfheidhmiú molta a bhí déanta ag Oifigigh Ghearán neamhspleácha de chuid Aonad Abhcóideachta Náisiúnta FSS.

Is é is cuspóir dom mar Oifigeach Achomhairc um Míchumas ná cinneadh a dhéanamh ar achomhairc a bhíonn déanta ag Iarratasóir nó ag FSS. D'fhéadfadh Iarratasóir a bheith ina t(h)uismitheoir, ina c(h)aomhnóir, ina (h)ionadaí dlíthiúil nó ina (h)abhcóide pearsanta ar son linbh atá faoi bhun 5 bliana d'aois amhail ón 1 Meitheamh 2007. Ciallaíonn sé seo go bhfuil leanaí a rugadh ar nó tar éis 1 Meitheamh 2002 cáilithe le cur isteach air seo.

Mar thoradh ar na dúshláin eacnamaíocha atá ann sa tír faoi láthair, níor leanadh de chur i bhfeidhm an dara céim de Chuid 2 den Acht um Míchumas, 2005, mar a bhí pleanáilte.

Bhí sraith dhifriúil dúshlán ann i rith 2010 maidir leis na ceisteanna a bhí tarraingthe anuas sna hAchomhairc. Léiríonn an staidéar ar chásanna roghnaithe, cásanna atá coimrithe i gCaibidil 3 den Tuarascáil Bhliantúil seo, léiríonn sé trasghearradh de na ceisteanna a tarraingíodh anuas.

Bhí 7 n-achomharc ann a tugadh ar aghaidh ó 2009 go dtí 2010 le haghaidh cinneadh agus/nó idirghabháil. Taisceadh 14 achomharc bhreise i rith 2010.

Lean mé d'fhorbairt mo róil agus m'fheidhme mar Oifigeach Achomhairc um Míchumas i rith na bliana agus chabhraigh foireann m'oifige liom go cumasach, is é sin, Oifig an Oifigigh Achomhairc um Míchumas (rud a ndéanfar tagairt di mar "OOAM" as seo amach). Is é is cuspóir do m'oifig ná seirbhísí sásaimh a sholáthar atá bunaithe ar bhunphrionsabail an chirt nádúrtha agus nósanna imeachta córa i gcomhréir le creat reachtúil an Achta um Míchumas, 2005, ("An tAcht"). Tá an prionsabal seo mar phríomhchuspóir agamsa go fóill. Agus an cuspóir seo ina n-intinn, déanann lucht OOAM measúnú leanúnach ar gach cleachtas oibre agus nós imeachta ionas go gcuirtear an próiseas achomhairc ar fáil ar bhealach sruthlíneach agus éifeachtúil.

Tharla sé i rith na bliana chomh maith gur chruthaigh mé comhpháirtíocht leis an gCoimisiún um Shláinte Mheabhrach, nuair a rinne mé Comhaontú Leibhéal Seirbhíse leis an ngníomhaireacht seo maidir le feidhmeanna cuntasaíochta m'oifige. Chumasaigh an chomhpháirtíocht seo acmhainní agus cleachtais oibre a roinnt. Bhí an comhaontas dearfach seo á thacú ag Aonad Míchumais na Roinne Sláinte agus Leanaí agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bairbre Nic Aonghusa agus leis an bhfoireann as a gcúnamh leanúnach ar an gceist seo.

Mar chuid de m'fhorbairt leanúnach ghairmiúil, chríochnaigh mé cúrsa i Samhain 2010 a bhí á reáchtáil ag an mBord Staidéir Bhreithiúnaigh, An RA (an "BSB") in "Ardscileanna Breithiúnacha". Bhí sé mar thoradh air seo gur tosaíodh athmheasúnú ar an stíl agus ar an bhfriotal a úsáidtear sa *Tuarascáil ar Chinneadh agus ar Chúiseanna le Cinneadh*. Léirigh an measúnú seo an rud a ndearna an BSB tagairt dó mar dhea-chleachtais scríbhneoireachta, rud a chuireann gnáthchiall an Bhéarla chun cinn

agus a chinntíonn go ndéantar machnamh ar léitheoirí an chinnidh. Cuirfear an cur chuige nua seo i bhfeidhm maidir le gach cinneadh a dhéanfar ó Eanáir 2011. Tá sé tábhachtach go leantar de mheasúnú a dhéanamh ar mo scileanna cinnteoireachta mar Oifigeach Achomhairc um Míchumas, ionas go mbeidh an tAire agus an Pobal cinnte go n-oibrím ar bhealach neamhchlaon agus gairmiúil agus go mbíonn mo chinntí soiléir agus comhleanúnach.

I rith na ráithe deireanaí de 2010, rinne mé Creatchomhaontú le 3 Chomhairleoir Dlíthiúla chomh maith tríd an bPróiseas Soláthair Phoiblí.

Tá súil agam go soláthróidh an Tuarascáil Bhliantúil seo tuiscint shoiléir don léitheoir ar oibriú na Seirbhíse Achomharc faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas. Má tá aon tráchtanna le déanamh agat ar réimse ar bith den Tuarascáil, déan teagmháil liom, le do thoil.

Teresa Dykes
An tOifigeach Achomhairc um Míchumas

30 Meitheamh 2011

Caibidil 1:

Tús Eolais

Caibidil 1: Tús Eolais

Cé hé an tOifigeach Achomhairc um Míchumas?

Bíonn an tOifigeach Achomhairc um Míchumas ceaptha ag an Aire Sláinte agus Leanaí chun measúnú agus cinneadh a dhéanamh ar achomhairc faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas, 2005, ("An tAcht"). Tá an tOifigeach Achomhairc um Míchumas neamhspleách i gcur i gcrích a feidhmeanna faoin Acht. Déantar tagairt i dteannta a chéile don Oifigeach Achomhairc um Míchumas agus dá foireann mar Oifig an Oifigigh Achomhairc um Míchumas ("OOAM"). Shocraigh Ordú um Thosach Feidhme I.R. 234 de 2007 1 Meitheamh 2007 mar an dáta ar ar tháinig forálacha Chuid 2 den Acht um Míchumas, 2005, ("An tAcht") i bhfeidhm maidir le daoine faoi bhun 5 bliana d'aois. Cuimsíonn sé seo leanaí a rugadh an 1 Meitheamh 2002 nó ina dhiaidh.

An comhthéacs reachtúil ábhartha

Bronnann Cuid 2 den Acht na cearta substainteacha seo a leanas ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith "faoi mhíchumas", mar atá sainmhínithe in alt 2 den Acht:

(a) teidlíocht i leith measúnú neamhspleách ar shláinte agus ar riachtanais oideachais (alt 9 den Acht);

(b) teidlíocht i leith Ráiteas Seirbhíse ina sainítear na seirbhísí sláinte agus oideachais atá sé i gceist a sholáthar don Iarratasóir (alt 11 den Acht);

(c) teacht ar nós imeachta gearán do chinneadh agus d'fhorfheidhmiú na dteidlíochtaí reachtúla a bhronntar san Acht (ailt 14 go dtí 20);

(d) an ceart chun achomhairc (ailt 18, 19 agus 20 den Acht).

Is é scéim Chuid 2 den Acht ná teidlíocht a sholáthar do dhuine a chreideann go bhféadfadh míchumas a bheith air/uirthi, nó do dhuine sainithe ar a s(h)on, chun iarratas a dhéanamh chuig FSS ar Mheasúnú Riachtanais [alt 9(1) den Acht]. Tá ceangal ar FSS tús a chur lena leithéid de mheasúnú taobh istigh de thrí mhí ó fháil iarratais (alt 9(5) den Acht). Sa chás go gcuimsíonn an Tuarascáil Mheasúnúcháin atá mar thoradh air cinneadh go bhfuil gá ag an Iarratasóir le soláthar seirbhísí sláinte nó oideachais, nó an dá rud, is gá d'Oifigeach Idirchaidrimh a bheidh ceaptha ag FSS Ráiteas Seirbhíse a ullmhú maidir leis an Iarratasóir [alt 11(2)].

Agus Ráitis Seirbhíse á n-ullmhú, is gá d'Oifigeach Idirchaidrimh aird a thabhairt ar na critéir ar leith atá leagtha síos in alt 11(7) den Acht agus tá gá le Ráitis Seirbhíse chun na seirbhísí sláinte nó oideachais a sholáthrófar don Iarratasóir a shainiú [alt 11(2) den Acht agus Clásal 18(a) de na Rialacháin um Míchumas (Measúnú ar Riachtanais, Ráiteas Seirbhíse agus Sásamh), 2007 – ("na Rialacháin"). Is gá don Oifigeach Idirchaidrimh socrú a dhéanamh chomh maith do sholáthar na seirbhísí atá luaite sa Ráiteas Seirbhíse ag a leithéid d'amanna agus ina leithéid de bhealach a chinnfidh sé/sí féin [alt 11(12)].

Tugtar ceart d'Iarratasóir gearán a dhéanamh le FSS maidir le toradh a m(h)easúnaithe, an bealach a ndearnadh an measúnú, maidir le hábhair a Ráitis Seirbhíse nó maidir le teip FSS nó soláthraí seirbhís oideachais ina dhiaidh sin seirbhís a sholáthar atá sainithe ina Ráiteas Seirbhíse (alt 14 den Acht). Is gá d'Oifigeach Gearán atá údaraithe ag FSS díriú ar a leithéid de ghearán, mura bhfuil sé suaibhreosach nó cráiteach. Tá cead ag an Oifigeach Gearán iarracht a dhéanamh an gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil agus is gá dó/di imscrúdú a dhéanamh má theipeann ar an réiteach neamhfhoirmiúil nó mura bhfuil sé iomchuí ar bhealach ar bith eile. Tar éis d'imscrúdú a bheith déanta, is gá don Oifigeach Gearán tuarascáil a sheoladh chuig FSS agus chuig an Iarratasóir lena mbaineann ina leagtar amach a t(h)orthaí agus a m(h)oltaí [Alt 15(6) den Acht].

Tá ceart achomhairc ag Iarratasóir chuig an Oifigeach Achomhairc um Míchumas, duine a bhíonn ceaptha ag an Aire faoin Acht, in aghaidh cinneadh nó moladh a rinneadh faoi alt 15(8) i dtuarascáil Oifigeach Gearán nó maidir le neamh-fhorfheidhmiú molta a bhí déanta ag an Oifigeach Gearán [Alt 18(1) den Acht]. Is féidir leis FSS nó le soláthraí seirbhís oideachais achomharc a sheoladh isteach in aghaidh toradh Oifigeach Gearán gur theip orthu seirbhís a sholáthar, nó in aghaidh moladh Oifigeach Gearán gur chóir dóibh seirbhís iomlán a sholáthar [alt 18 (2) den Acht]. Is gá don Oifigeach Achomhairc um Míchumas deis éisteachta a sholáthar don dá pháirtí san achomharc agus tá cead aici éisteacht ó bhéal a chur ar siúl pé áit ar iomchuí agus tá cumhachtaí éagsúla comhéigneacha bronnta uirthi maidir le hiallach doiciméid agus taifid a bheith curtha ar fáil agus/nó dul isteach in áitribh ina bhfuil comhlachtaí poiblí nó soláthraithe seirbhísí sláinte nó oideachais. Amach ó achomhairc a réitítear trí idirghabháil faoi alt 19 den Acht, is gá don Oifigeach Achomhairc um Míchumas cinneadh a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an achomharc ina ndeimhnítear, ina n-athraítear nó ina gcuirtear na torthaí nó na moltaí is ábhar don achomharc ar leataobh. [Alt 18(5) den Acht]. Tá ceart achomhairc chun na hArd-Chúirte ann ar phointe dlí maidir le cinneadh an Oifigigh Achomhairc.

Caibidil 2:

An Próiseas Achomhairc 2010

Caibidil 2: An Próiseas Achomhairc 2010

Déanann Conair Próiseas Achomhairc an OOAM (Aguisín 1) cur síos ar an bpróiseas trína gcuirtear achomhairc chun cinn taobh istigh den OOAM. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an gConair seo i rith an phróisis. Ach is gá dom mar Oifigeach Achomhairc um Míchumas a chur in iúl go leanaim dá leithéid de nósanna imeachta a ghlacadh, nuair is iomchuí sin, de réir mar a mheastar a bheith iomchuí i gcúinsí uile cáis ar leith.

Déantar cur síos thíos ar an gceangal sainithe atá ar an Oifigeach Achomhairc um Míchumas. Cuimsíonn an liosta seo (nach bhfuil uileghabhálach) na feidhmeanna atá sainráite i gCuid 2 den Acht agus na feidhmeanna sin ar comhthorthaí riachtanacha iad a bheidh intuigthe ó fheidhmiú na bhfeidhmeanna sainráite.

- An t-iarratas a bhailíochtú le haghaidh achomhairc
- Faisnéis bhainteach a lorg
- Fiosruithe breise a dhéanamh
- Scrúdú a dhéanamh
- Cur ar aghaidh chuig idirghabháil nuair is cuí sin
- Imscrúdú a dhéanamh
- Éisteachtaí ó bhéal a chur ar siúl más gá
- Achomhairc a chinneadh
- Forfheidhmiú a dhéanamh faoi Rialacha Cúirte Cuarda

Bunús an Achomhairc

Ag iarratasóir (alt 18 (1))

- In aghaidh toraidh nó moladh a rinne Oifigeach Gearán
- In aghaidh neamh-fhorfheidhmiú molta a rinne Oifigeach Gearán ag FSS nó soláthraí seirbhís oideachais (alt 15 (8))
- Ag FSS nó ag soláthraí seirbhís oideachais (alt 18(2). (Déantar tagairt do FSS/don soláthraí seirbhís oideachais mar an achomharcóir taobh istigh den OOAM)
- In aghaidh moladh Oifigeach Gearán maidir le soláthar seirbhíse atá sainithe sa Ráiteas Seirbhíse (alt 15 (8) (f) den Acht)

Anailís ar Achomhairc 2010

Ba é líon iomlán na n-achomharc a athbhreithníodh i rith na bliana ná 21. Bhí 7 acu seo tugtha ar aghaidh ó 2009 toisc go raibh siad taiscthe sa dá ráithe dheireanacha den bhliain sin. Taisceadh 14 Achomharc bhreise i rith 2010.

As an 14 a taisceadh i rith 2010, bailíochtaíodh 9 gcinn acu tar éis scrúdú tosaigh ar an bhfaisnéis a soláthraíodh. Measadh 5 achomharc a bheith neamhbhailí tar éis scrúdú iomlán ar an bhfaisnéis go léir a seoladh isteach.

Maidir le 3 cinn de na hAchomhairc neamhbhailí, ba é an príomhfháth a bhí leis seo ná gur thaisc na hiarratasóirí Achomharc go róluath. Is é sin le rá nár lig na hiarratasóirí go leor ama dul thart do chomhlíonadh mholtaí an Oifigigh Ghearáin a bheith déanta ag FSS. (Ach níor chóir é seo a chur trí chéile le ceist amlínte mholtaí na nOifigeach Gearán, rud a ndíreoidh mé air níos faide ar aghaidh sa Tuarascáil seo.) Bhí Achomharc amháin neamhbhailí toisc gur sheol an t-iarratasóir a (h)Achomharc isteach taobh amuigh den teorainn ama atá ceadaithe faoin Acht um Míchumas, 2005. Ach cuireadh na ceisteanna a tarraingíodh anuas ar aghaidh go dtí Bainisteoir Ceantair iomchuí OÁS de chuid FSS ag an OAM le bheith measta, le toiliú an iarratasóra. Bhí an

tAchomharc a bhí fágtha bailí ar an mbonn a cuireadh in iúl, ach dhiúltaigh an tIarratasóir toiliú le roinnt na faisnéise baintí i bpróiseáil an Achomhairc agus ní raibh mé in ann an tAchomharc seo a chur chun cinn tuilleadh dá bharr.

Achomhairc Bhailí

Cuireadh iomlán 10 n-achomharc i gcrích i rith 2010; rinneadh cinneadh ar 9 gcinn acu agus réitíodh ceann amháin trí idirghabháil. Chuir mé trí cinn as an 10 sin ar aghaidh le haghaidh idirghabháil. As na cinn siúd a cuireadh ar aghaidh, níor lean ceann amháin acu ar aghaidh go dtí idirghabháil agus níor réitíodh ceann amháin trí idirghabháil.

Tá sé mar fhadhb leanúnach agamsa mar Oifigeach Achomhairc um Míchumas go mbíonn an t-am a chaitear chun Achomharc bailí a phróiseáil níos faide ná mar ba mhian liom. Ach mar Oifigeach Achomhairc a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta leath-bhreithiúnacha aici faoin Acht, tá sé ríthábhachtach don phróiseas seo go gcloífí le prionsabail an chirt nádúrtha agus le nósanna imeachta córa. Murach sin, chuirfeadh sealbhóir na hoifige reachtúla na cearta bunúsacha bunreachtúla atá bronnta ar gach páirtí sa timpeallacht bhreithiúnach seo i mbaol.

Tá prionsabal audi alteram partem (ceart chun éisteacht chóir) thar a bheith ábhartha maidir le hachomhairc a chuirtear faoi mo bhráid. Tá sé mar chuid riachtanach de chloí leis an bprionsabal seo go ndéantar sraith chomhfhreagrais leis an dá pháirtí, rud a bhíonn strambánach go minic. Is é cuspóir a leithéid de theagmháil ná a chinntiú go soláthraítear gach aighneacht agus doiciméad a sholáthraíonn páirtí amháin domsa don taobh eile agus go gceadaítear tráchtaireacht bhreise ar na haighneachtaí/doiciméid seo. [Mar atá le feiceáil sa Staidéar ar Chás Uimh. 6 den Tuarascáil seo].

Ionas gur féidir liom ráthú caighdeán a dhéanamh ar an obair a dhéanaim, leanaim de *Prionsabal 7 C ar Chinnteoireacht Mhaith* (An Bord Staidéir Bhreithiúnaigh 2008), a chur i bhfeidhm le tacú le cinneadh soiléir agus céillí i bpróiseas na n-achomharc.

1. **Comhleanúnachas** - go hinmheánach agus go seachtrach araon

2. **Comhthacaíocht** - lena n-áirítear comhthacaíocht gach doiciméad

3. **Comhthéacs** - an réitíonn an t-achomharc atá á bhreithniú ag an Oifigeach Achomhairc um Míchumas leis an bhfianaise oibiachtúil atá ar fáil agus le comhthéacs na n-eachtraí atá i gceist.

4. **Creidiúnacht** - tástáiltear fíricí in aghaidh na fianaise ionas go mbíonn na cinntí a dhéanann an tOifigeach Achomhairc um Míchumas creidiúnach

5. **Forcheilt** - nach bhfuil fáth ar bith ann go bhfuil an t-iarratasóir/achomharcóir/freagróir ag ceilt faisnéis bhainteach ar bith.

6. **Iompar** - bainteach le gach cás.

7. **Scrúdú Criticiúil** - an ndearna an tOifigeach Achomhairc um Míchumas tástáil chríochnúil ar an bhfianaise.

Ach léirigh na ceisteanna a tarraingíodh anuas i gcuid de na hAchomhairc a próiseáladh i rith 2010 cuid de na dúshláin san Earnáil Míchumais chomh maith agus d'imir sé sin tionchar ar an am a caitheadh chun m'imscrúdú a chríochnú.

Imscrúdú Achomharc

Tá cumhachtaí agus feidhmeanna an Oifigigh Achomhairc um Míchumas i ndéileáil le hachomhairc leagtha amach in alt 18 agus 19 den Acht. Tá cumhachtaí fairsinge ag an Oifigeach Achomhairc um Míchumas chun

soláthar eolais a éileamh agus chun soláthar doiciméad agus taifead a iarraidh ar mhaithe le cuspóirí achomhairc ar bith faoi ailt 18(6), 18(7) agus 18(8). Bhí orm an chumhacht reachtúil seo a úsáid den chéad uair i rith 2010 nuair a lorg mé eolas breise faoi alt 18(6) den Acht do 2 achomharc ar leith a bhí faoi imscrúdú. Bíonn an t-am is gá chun achomhairc a imscrúdú á rialú mar sin cuid mhaith ag castacht na nAchomharc ar leith.

Treochtaí Staitistiúla i rith 2010

Lean ceist neamh-chomhlíonadh/comhlíonadh phróiseas an Mheasúnaithe ar Riachtanas ag FSS sna frámaí ama sainithe de bheith mar théama i rith 2010. Ach bhí an cheist faoi theorainn réimsí ar leith de FSS i rith 2010 .i. taisceadh 8 n-achomharc ó Limistéar FSS i mBaile Átha Cliath/Lár Laighean agus taisceadh 6 cinn ó Limistéar Theas FSS. Thug an pátrún a bhí ag teacht chun cinn le fios gur theip ar limistéir áirithe OÁS cloí lena gceangail reachtúla, rud a spreag cuid mhaith achomharc. [mar atá le feiceáil i dTábla 2 den Tuarascáil seo].

Léiríonn stádas na nAchomharc ag deireadh 2010 na hachomhairc sin (7) a tugadh ar aghaidh ó 2009 agus na cinn a taisceadh (14) i rith 2010 mar atá léirithe i dTáblaí 1 agus 2 faoi seach.

Tábla 1. Stádas na nAchomharc a próideáladh i rith 2010



Tábla 2: Próifíl na nAchomharc a críochnaíodh i rith 2010.

Uimh. Ach.	Limistéar OÁS	Bonn an Achomhairc	Déanamh cinnidh	Toradh
AP0021	Baile Átha Cliath Thiar Theas	Neamh-fhorfheidhmiú mholtaí an Oifigigh Ghearán		Réitithe trí Idirghabháil
AP0025	Corcaigh, An Laoi Theas	Neamh-fhorfheidhmiú mholtaí an Oifigigh Ghearán	08.03.2010	Ceadaithe
AP0027	Tiobraid Árann Theas	Bhí sé mar thoradh ag an Oifigeach Gearán nach raibh bonn maith lena ghearán.	25.06.2010	Ceadaíodh é. Cuireadh torthaí an Oifigigh Ghearán ar leataobh agus eisíodh moltaí.
AP0028	Corcaigh Thuaidh	Bhí sé mar thoradh ag an Oifigeach Gearán nach raibh bonn maith lena ghearán.	07.05.2010	Ceadaíodh é. Cuireadh torthaí an Oifigigh Gearán ar leataobh agus eisíodh moltaí.
AP0029	Baile Átha Cliath Thiar	Neamh-fhorfheidhmiú mholtaí an Oifigigh Ghearán	12.08.2010	Ceadaíodh agus dearbhaíodh moltaí an Oifigigh Gearán
AP0030	Ceatharlach/Cill Chainnigh	Neamh-fhorfheidhmiú mholtaí an Oifigigh Ghearán	18.02.2010	Dearbhaíodh moltaí an Oifigigh Ghearán
AP0031	Baile Átha Cliath Thiar	Neamh-fhorfheidhmiú mholtaí an Oifigigh Ghearán	21.07.2010	Ceadaíodh agus dearbhaíodh moltaí an Oifigigh Gearán
AP0032	Corcaigh, An Laoi Theas	Toradh ón Oifigeach Gearán nach raibh bonn maithe lena ghearán	25.11.2010	Ceadaíodh é. Cuireadh torthaí an Oifigigh Ghearán ar leataobh agus eisíodh moltaí.

Tábla 2: Próifíl na nAchomharc a críochnaíodh i rith 2010. — *Continued*

Uimh. Ach.	Limistéar OÁS	Bonn an Achomhairc	Déanamh cinnidh	Toradh
AP0033	Baile Átha Cliath Thiar	Neamh-fhorfheidhmiú mholtaí an Oifigigh Ghearán	07.12.2010	Ceadaíodh agus dearbhaíodh moltaí an Oifigigh
AP0034	Cill Dara/Cill Mhantáin Thiar	Achomharc Anabaí a measadh a bheith neamhbhailí tar éis scrúdú		Achomharc Neamhbhailí
AP0035	Baile Átha Cliath Theas	Neamhbhailí tar éis scrúdú toisc teorainn ama.		Achomharc Neamhbhailí
AP0036	Baile Átha Cliath Thiar	Toradh ón Oifigeach Gearán nach raibh bonn maithe lena ghearán	07.12.2010	Níor ceadaíodh é. Dearbhaíodh torthaí an Oifigigh Gearán. Rinneadh tuilleadh moltaí.
AP0037	Cill Dara/Cill Mhantáin Thiar	Achomharc Anabaí a measadh a bheith neamhbhailí tar éis scrúdú		Achomharc Neamhbhailí
AP0038	Ceatharlach/Cill Chainnigh	Achomharc Anabaí a measadh a bheith neamhbhailí tar éis scrúdú		Achomharc Neamhbhailí
AP0041	An Longfort/ An Iarmhí	Níor toilíodh leis		Achomharc Neamhbhailí

Téamaí agus fadhbanna a tugadh faoi deara

Tá sé soiléir gur téama athfhillteach é teip FSS cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le hiarratasóirí i ngach aon Achomharc nach mór a chríochnaigh mé i mbliana. Tá an chuma ar an scéal i gCeantair áirithe OÁS gur glacadh go neamhdhíreach leis nach gcríochnófaí iarratais ar mheasúnú neamhspleách riachtanais faoin Acht taobh istigh de na frámaí ama reachtúla atá éigeantach faoin Acht. Tá sé seo le feiceáil i 7 gcinn de na hAchomhairc a próiseáladh i rith 2010 agus is téama é a tugadh faoi deara chomh maith i mo Thuarascáil Bhliantúil ó 2009.

San ábhar a seoladh chugamsa, bhí ciorcláin a eisíodh don phobal inar comhairlíodh d'iarratasóirí a bhí ag lorg Measúnú Neamhspleách Riachtanais dá leanaí go mbeadh moilleanna dosheachanta i gceist ar chríochnú na measúnúchán toisc nach raibh pearsanra áirithe de chuid FSS á n-athsholáthar.

Ach i mo ról mar Oifigeach Achomhairc um Míchumas, ní mheasaim gur cur chuige inghlactha é seo de chuid FSS, i bhfianaise na bhframaí ama éigeantacha ar gá dóibh cloí leo. Tá oibleagáidí orm a chinntiú go gcinnim gach achomharc mar atá forordaithe faoin Acht. Ós rud é gur rudaí dosheachanta iad saoire breoiteachta agus cineálacha saoire eile, measaim gur chóir go mbeadh bearta teagmhasachta imleora i bhfeidhm ag FSS, le cinntiú go gcomhlíontar na ceangail reachtúla faoin Acht. Tá an chuma air nach raibh aon nósanna imeachta imleora i bhfeidhm i gcásanna áirithe.

Ón ábhar a cuireadh ar fáil dom le bheith breithnithe i rith roinnt imscrúduithe, thug mé faoi deara chomh maith nach raibh próisis mheasúnúcháin iarratasóirí áirithe ag cloí leis na caighdeáin mar atá forordaithe faoi alt 10 den Acht, lena n-áirítear an tábhacht atá le measúnú a chríochnú gan "moill mhíchuí". I gcuid mhaith de na hachomhairc seo, ní raibh aon chúinsí eisceachtúla ann a bhí mar fhírinniú ná mar mhíniú imleor ar mhoilleanna. Go dosheachanta, bhí na hiarratasóirí agus a muintir faoi strus mór mar gheall air seo.

Scóip na gCinntí

Cé gur riachtanas reachtúil é go gcinnim achomhairc mar a dhéantar foráil dó faoi alt 18(5) den Acht, tá ceangal orm chomh maith breithniú a dhéanamh ar cheist na riachtanas nach bhfreastalaítear orthu. Bhí sé le feiceáil i gcás achomharc áirithe nár leor cur chuige na nOifigeach Idirchaidrimh maidir le deimhniú éagumas FSS chun seirbhísí áirithe a sholáthar taobh istigh de na cúrsaí bainteacha reachtúla buiséadacha nó imscrúdú a dhéanamh ar cé acu an féidir nó nach féidir freastal ar na riachtanais trí sholáthraithe seirbhíse breise. Bhí tionchar ag an am a raibh gá leis le fáil amach cé na ceisteanna a bhí breithnithe ag na hOifigigh Idirchaidrimh in ullmhú Ráitis Seirbhíse na n-iarratasóirí chomh maith ar an am a raibh gá leis chun achomhairc a chríochnú.

Bhain ceisteanna eile a bhí tarraingthe anuas ag iarratasóirí le nochtadh eolais rúnda agus le mo bhreithniú ar chur i bhfeidhm na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, [mar a fheictear sa Staidéar ar Chás 3]. Chomh maith leis sin, is minic go gciallaíonn nithe maidir le ceisteanna nósanna imeachta agus breithiúnacha gur gá cinneadh na gceisteanna seo mar réamhchúrsaí agus bíonn tionchar acu i gcónaí ar fhad phróiseas an achomhairc.

Ceist an neamhspleáchais faoin Acht

Faoi alt 8(4) agus alt 15(2) den Acht, is gá d'Oifigigh Mheasúnúcháin agus Ghearán araon faoi seach a bheith *"neamhspleách i gcur i gcrích a f(h)eidhmeanna"*. Tá sé mar aidhm leis na forálacha tábhachtacha seo a chinntiú go gcleachtann Oifigigh Mheasúnúcháin agus Ghearán a bhfeidhmeanna go neamhspleách ar FSS, lena n-áirítear a gcumhachtaí cinnteoireachta. Ach thug achomhairc áirithe a ndearna mé imscrúdú orthu le fios nach raibh sé mar thosaíocht ag FSS

cloí le hiarratas ar Mheasúnú Riachtanais le haghaidh iarratasóir cáilithe faoin Acht ná cloí le moltaí an Oifigigh Ghearán i gceantair áirithe den OÁS. I gceantair áirithe, bhí easpa shoiléir tacaíochta ann don Oifigeach Measúnúcháin le comhlíonadh a (h)oibleagáidí faoin Acht.

Éisteacht ó Bhéal

D'fhéadfadh sé a bheith soiléir i rith imscrúdú go bhfuil gá le héisteacht ó bhéal nó go bhfuil sí inmhianaithe, chun cinneadh a dhéanamh ar an Achomharc. Cuirtear éisteachtaí ó bhéal ar siúl go príobháideach. Cuirtear iad ar siúl chomh maith in áit agus ag am atá chomh háisiúil agus is féidir do na daoine atá i gceist. Níor cuireadh aon Éisteachtaí ó Bhéal ar siúl maidir le hachomharc ar bith a críochnaíodh i rith 2010.

Cinneadh Achomharc

Críochnóidh an tOifigeach Achomhairc um Míchumas an "Tuarascáil ar Chinneadh agus ar Chúiseanna le Cinneadh" tar éis athbhreithniú iomlán agus cuimsitheach ar gach ábhar a sheol an dá pháirtí isteach, i gcomhréir le hailt 16-20 den Acht. Aithnítear na ceisteanna a bhí riachtanach do chonclúid an Oifigigh Achomhairc um Míchumas agus mínítear an bealach a ndearnadh sí breithniú orthu.

Seo mar a dhírítear ar ábhair aon Tuarascála ar Chinneadh agus ar Chúiseanna le Cinneadh:

1. Achoimre le cabhrú leis an léitheoir tuiscint thapa a fháil ar na ceisteanna san Achomharc agus i dtoradh an Achomhairc.

2. Rannóg Cinnidh agus Fáthanna le Cinneadh:

   - Ceisteanna Cúlra agus Achomhairc;
   - Cúrsaí Reachtúla;
   - Imscrúdú agus Toradh;
   - Cás an Iarratasóra;
   - Cás an Fhreagróra (FSS);
   - Prionsabail bhainteacha dhlíthiúla curtha i bhfeidhm;
   - Toradh maidir leis na ceisteanna a tarraingíodh anuas san Achomharc.

3. Cinneadh.

4. Foilsiú.

5. Aguisíní/larscríbhinn

Idirghabháil

Ag am ar bith tar éis d'achomharc a bheith tosaithe faoi alt 18 den Acht, is féidir leis an Oifigeach Achomhairc um Míchumas an cheist a chur ar aghaidh le haghaidh idirghabháil chuig Oifigeach Idirghabhála má tá sé/sí den tuairim go bhféadfaí an t-achomharc a réiteach trí idirghabháil.

Cuireann an tOifigeach Achomhairc um Míchumas an duine a thosaigh an t-achomharc ar an eolas faoin tuairim sin agus cuirfidh an tOifigeach Achomhairc um Míchumas an cheist ar aghaidh le haghaidh idirghabháil ag Oifigeach Idirghabhála mura gcuireann an t-iarratasóir ina choinne sin.

Céard is Idirghabháil ann?

Is próiseas deonach é idirghabháil a dhéantar faoi rún agus i bhfóram nach bhfuil poiblí, ina mbíonn duine neamhchlaon ag éascú idirbheartaíochta idir daoine atá in achrann lena chéile agus ina gcabhraíonn sé/sí leo réitigh roinnte a aimsiú agus a chomhaontú a fhreastalaíonn ar a sainleasanna agus ar a riachtanais. Baineann idirghabháil le dul chun cinn agus réiteach coimhlinte. Tá sé mar ról ag an idirghabhálaí an deis is fearr a thabhairt do chách réiteach a bhaint amach. Níl idirghabháil claonta in aghaidh páirtí ar bith ná in aghaidh a roghanna dlíthiúla nó eile

mura bhfuil réiteach mar thoradh air agus ní chuirfear aon réiteach i gcrích mura bhfuil sé comhaontaithe i scríbhinn ag na páirtithe go léir. Mar sin, ní próiseas breithnithe í idirghabháil – ní fhorchuirfear réitigh ná breithiúnais ar bith ar éinne atá páirteach inti. Fanann an t-idirghabhálaí neodrach an t-am go léir agus ní thugann sé/sí breithiúnas dlíthiúil ná eile ar cé atá ceart nó mícheart.

Dearbhófar do gach duine a ghlacann páirt in idirghabháil go bhfuil an próiseas go léir faoi rún agus neamhchlaon. Ós rud é gur próiseas deonach í idirghabháil atá cruthaithe chun comhthoil a bhaint amach, is féidir le daoine éirí as an bpróiseas ag am ar bith, más mian leo. Má roghnaíonn na páirtithe atá i gceist fanacht agus an próiseas a chríochnú agus má thagann siad ar chomhaontú ar réiteach ("réiteach"), dréachtófar doiciméad darb ainm "Doiciméad Réitigh Idirghabhála", rud a bheidh dréachtaithe agus sínithe ag na páirtithe bainteacha (dream a ndéantar cur síos orthu in alt 19 den Acht). D'fhéadfadh réiteach a bheith forfheidhmithe aggníomh Cúirte Cuarda mura gcuirfí i bhfeidhm é.

Idirghabháil á soláthar ag OOAM

Tá an tOifigeach Idirghabhála atá fostaithe ag Oifig an Oifigigh Achomhairc um Míchumas creidiúnaithe mar idirghabhálaí ag Institiúid Chairte na nIdirghabhálaithe agus oibríonn an duine seo an múnla "éascaitheach" idirghabhála. Agus an múnla seo á úsáid, cruthaíonn an tOifigeach Idirghabhála próiseas le cabhrú leis na páirtithe:

- na fadhbanna atá mar dhíospóid a aithint,
- réitigh fhéideartha ar na fadhbanna seo a fhorbairt,
- fiosrú a dhéanamh ar cén chaoi a bhféadfadh na réitigh fhéideartha sin feidhmiú go praiticiúil, agus pé áit at féidir
- réiteach a bhaint amach atá inghlactha dóibh.

Cé go bhfuil an t-idirghabhálaí i gceannas ar an bpróiseas, glacann na páirtithe le freagracht as an toradh.

Caibidil 3:

Staidéar ar Chásanna

Caibidil 3: Staidéar ar Chásanna

Is é cuspóir an chuid seo den tuarascáil ná trasghearradh de na cineálacha achomhairc (agus na ceisteanna a tarraingíodh anuas sna hachomhairc sin) a cuireadh faoi mo bhráid i rith 2010 a léiriú, trí rogha staidéir ar chásanna. Is leaganacha thar a bheith dlúthaithe é an staidéar ar chásanna thíos de na cinntí iomlána, cinntí ar féidir teacht orthu go léir ag www.odao.ie/determinations. Mar sin, níor chóir a bheith ag brath ar chomhthéacs an staidéir seo ar chásanna agus ba chóir aird a thabhairt ar an téacs foirmiúil i ngach aon chás chun tuiscint a fháil ar éifeacht iomlán dhlíthiúil an chinnidh bhaintigh.

Eochair na ngiorrúchán a úsáideadh sa staidéar ar chásanna:

An tAcht	An tAcht um Míchumas, 2005
Na Rialacháin	I.R. 263 de 2007, Rialacháin (Measúnú Riachtanas, Ráitis Seirbhíse agus Sásamh) Míchumais 2007
Caighdeáin an ÚFCS	Caighdeáin le haghaidh Measúnú Riachtanais, Bealtaine 2007, a bhí eisithe ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
ACS	Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2003
OM	Oifigeach Measúnúcháin
MR	Measúnú Riachtanais
TM	Tuarascáil Mheasúnúcháin
NSU	Neamhord ar Speictream an Uathachais
OG	Oifigeach Gearán
OAM	An tOifigeach Achomhairc um Míchumas
OI	Oifigeach Idirchaidrimh
OIG	Oifigeach Idirghabhála
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
RS	Ráiteas Seirbhíse

STAIDÉAR AR CHÁS UIMH.1

(Cinneadh AP0025/ 18 Márta 2010)

Nádúr an Achomhairc:

Teip líomhainte FSS MR a chríochnú, chomh maith le TM/RS a eisiúint do mhac an iarratasóra taobh istigh de na teorainneacha ama atá leagtha amach san Acht agus sa Rialachá.

Príomhfhorálacha reachtúla:

Alt 9(5) den Acht (ceangal (i) tús a chur le reachtúla: measúnú ar shláinte agus ar riachtanais oideachais duine taobh istigh de 3 mhí ó fháil a leithéid d'iarratas ar mheasúnú agus (ii) an measúnú a chríochnú gan mhoill mhíchuí)

Rialachán 9 de na Rialacháin (ceangal tús a chur le próiseas an mheasúnaithe chomh luath agus is féidir tar éis don iarratas a bheith faighte ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta sin)

Rialachán 10 de na Rialacháin (ceangal an measúnú a chríochnú agus an TM a chur ar aghaidh go dtí an OI taobh istigh de 3 mhí ó dháta tosaithe an mheasúnaithe, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla nuair a chríochnófar an measúnú gan mhoill mhíchuí. Sa chás go bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist, is gá an tIarratasóir a chur ar an eolas roimh dheireadh na 3 mhí faoi fháth an neamhchomhlíonta taobh istigh de na trí mhí agus faoin bhfráma ama ina bhfuiltear ag súil le críochnú an MR)

Cúlra:

Rinne an t-iarratasóir agus a fear céile iarratas an **18 Meitheamh 2008** ar MR dá mac, Y, duine ar dheimhnigh an OM bainteach a cháilitheacht i leith MR dá thuismitheoirí ina dhiaidh sin. Deimhníodh chomh maith go dtosódh an próiseas measúnúcháin an **26 Meán Fómhair 2008** agus go gcríochnófaí é tráth nach déanaí ná 3 mhí ina dhiaidh sin (.i. **faoin 26 Nollaig 2008**).

Ach níor críochnaíodh an MR faoin dáta sin agus rinne an t-iarratasóir gearán le rannóg Gnóthaí Tomhaltóirí an FSS an **5 Eanáir 2009** maidir le teip FSS an MR a thosú taobh istigh den am atá sainithe in Alt 9(5) den Acht nó é a chríochnú gan mhoill mhíchuí.

(a) I dtuairisc imscrúdúcháin den **21 Eanáir 2009**, sheas an OG bainteach leis an ngearán in aghaidh FSS agus cuireadh teorainneacha ama nua i bhfeidhm le haghaidh: (a) críochnú na gcomhchodanna síceolaíocha agus teiripe saothair den MR (**20 Feabhra 2009** agus **27 Feabhra 2009** faoi seach); agus (b) ullmhú agus eisiúint an RS agus an TM (tráth nach déanaí ná an **27 Márta 2009**).

Rinne an t-iarratasóir achomharc chuig an OAM an **2 Márta 2009** in aghaidh easpa cloí FSS leis na teorainneacha nua ama a bhí curtha i bhfeidhm ag an OG.

Críochnaíodh agus eisíodh an TM an **24 Lúnasa 2009** agus críochnaíodh agus eisíodh an RS ar **2 Meán Fómhair 2009**.

Cás an Iarratasóra:

Bhí achomharc an iarratasóra bunaithe ar an mbonn seo a leanas:

(i) Nár críochnaíodh MR Y taobh istigh den fhráma ama atá sainithe san Acht .i. faoin 26 Nollaig 2008;

(ii) gur theip ar FSS cloí leis na hamlínte nua atá molta ag an OG go gcríochnófaí an measúnú síceolaíoch ar Y faoin 20 Feabhra 2009 agus an measúnú teiripe saothair faoin 27 Feabhra 2009; agus

(iii) Chomh maith leis na moilleanna seo, níor ullmhaíodh agus níor eisíodh TM agus RS Y faoin 27 Márta 2009.

Rinne an t-iarratasóir tagairt chomh maith i rith chúrsa an achomhairc don

chaoi a ndearna roinnt tarchuir go dtí gníomhaireachtaí éagsúla [d'fhonn measúnú a bhaint amach], dream a dhiúltaigh an measúnú a dhéanamh do Y toisc nach raibh sé "ag teacht" lena gcritéir.

Cás an Fhreagróra:

Níor thug FSS freagra díreach ar na ceisteanna a tharraing an t-iarratasóir anuas san achomharc. Ach tugadh le fios go raibh a seasamh maidir leis an achomharc mar an gcéanna leis an seasamh a cuireadh in iúl maidir le gearán an iarratasóra ón 5 Eanáir 2009 (rud a bhí imscrúdaithe ag an OG), is é sin:

(1) Ní raibh Y ag teacht le critéir seirbhísí measúnaithe saothair áirithe; agus

(2) Gur bhain an mhoill a bhí ar mheasúnú síceolaíoch Y le sceidealadh coinní.

Torthaí:

Seo a leanas mo phríomhthorthaí

(1) Mar thoradh ar an moill 8 mí – ón am a bhí luaite ar dtús ag FSS – ar eisiúint TM Y, **theip ar FSS ina dualgas reachtúil** measúnú a sholáthar do Y mar is gá faoi Alt 8(5) den Acht;

(2) Mar thoradh ar an moill 6 mhí – ón teorainn ama nua a bhí curtha i bhfeidhm ag an OG – ar eisiúint TM Y, **theip ar FSS cloí le moladh an OG** go gcuirfí TM ar fáil faoin 27 Márta 2009;

(3) Eisíodh RS Y taobh istigh den fhráma ama 1 mhí ó fháil an TM, mar is gá faoin Acht agus faoi Rialachán 19 de na Rialacháin;

(4) Bhí na moltaí a rinne an OG an 21 Eanáir 2009 réasúnta agus iomchuí sa chás a bhí ann;

(5) **Diúltaíodh measúnú go neamhfhóirsteanach do Y** ar an mbonn nár shásaigh sé critéir sheirbhísí FSS nó gníomhaireachtaí atá maoinithe ag FSS, rud a rinneadh ar bhealach atá doghlactha; agus

(6) Níor aithníodh aon chúinsí eisceachtúla a bhain leis an moill a bhí ar FSS i gcríochnú an mheasúnaithe ar Y agus níor tugadh míniú sásúil ar an moill ina leith seo don iarratasóir.

Cinneadh:

Ceadaíodh an tAchomharc agus dearbhaíodh moltaí an OG maidir le dátaí nua chríochnú an TM agus eisiúint an RS. Theip ar FSS cloí le moltaí an OG ina leith seo.

STAIDÉAR AR CHÁS UIMH.2

(Cinneadh AP0027/ 25 Meitheamh 2010)

Nádúr an Achomhairc:

Teip líomhainte FSS seirbhísí a sholáthar atá sainithe sa RS agus athbhreithniú a dhéanamh ar an RS; chomh maith le hachomharc in aghaidh thoradh an OG go raibh an gearán bunaidh neamhbhailí ar an mbonn go ndearnadh é taobh amuigh de na teorainneacha ama le haghaidh déanamh géarán leis an FSS.

Príomhfhorálacha reachtúla:

Ailt 14(2) den Acht agus rialachán 24 de na Rialacháin (ina leagtar amach na teorainneacha ama le chéile le haghaidh déanamh gearán leis an FSS faoin Acht .i. chomh luath is atá sé indéanta go réasúnta agus tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta ar ar tháinig cúis an ghearáin chun cinn)

Ailt 15(4) go dtí 15(8) den Acht (leagtar amach na bealaí inar féidir le OG déileáil le gearán le FSS .i. cinneadh go bhfuil an gearán cráiteach agus suarach/cinneadh go bhfuil an gearán oiriúnach do réiteach neamhfhoirmiúil/imscrúdú a dhéanamh ar an

ngearán agus tuarascáil a ullmhú ansin ina bhfuil torthaí agus moltaí)

Alt 11(12) den Acht (cuireann sé dualgas reachtúil ar an OI socruithe a dhéanamh maidir le soláthar na seirbhísí atá luaite sa RS)

Rialachán 22 de na Rialacháin (cruthaíonn sé ceangal le hathbhreithniú a dhéanamh ar an RS, tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dó a bheith dréachtaithe nó ón uair dheireanach a leasaíodh/athbhreithníodh an RS)

Cúlra:

De bhun iarratais ar TM, rinneadh measúnú ar Y, mac an iarratasóra, agus eisíodh RS dar dáta an **11 Eanáir 2008**. (Rinneadh leasú ar an RS ina dhiaidh sin ar nó thart ar an **21 Eanáir 2008**). Dúradh sa RS gur chóir seirbhísí áirithe fisiteiripe agus síceolaíocha a sholáthar do Y, i measc seirbhísí eile.

An **26 Feabhra 2008**, rinne an tIarratasóir gearán le FSS ar an mbonn gur theip orthu seirbhís a bhí sainithe sa RS a sholáthar nó a sholáthar go hiomlán.

Chuir an OG in iúl don Iarratasóir i litir dar dáta an **6 Aibreán 2009** go raibh a gearán neamhbhailí ó ba rud é go raibh breis is 13 mhí caite ó dháta eisiúna an RS.

Rinne an tIarratasóir achomharc chuig an OAM trí fhógra dar dáta an 22 Aibreán 2009 in aghaidh thoradh an OG agus in aghaidh theip FSS moltaí a rinneadh i RS Y a chur i bhfeidhm.

Dheimhnigh an tIarratasóir bonn a hachomhairc i litir domsa ina dhiaidh sin.

Cás an Iarratasóra:

Bhí achomharc an Iarratasóra bunaithe ar an mbonn seo a leanas:

(1) in aghaidh thoradh an OG go raibh a gearán le FSS neamhbhailí [agus nach raibh bonn maith leis dá bharr];

(2) teip fhisiteiripeoir FSS bualadh le Y ar mhaithe leis na seirbhísí agus chomh minic is a bhí luaite sa RS;

(3) teip FSS comhairliúcháin shíceolaíocha a sholáthar mar a bhí sainithe i RS Y; agus

(4) teip FSS athbhreithniú a dhéanamh ar RS Y faoi **Eanáir 2009** mar a bhí sainithe ina RS;

Maidir le toradh an OG go raibh a gearán neamhbhailí, chuir an tIarratasóir in iúl chomh maith nach raibh sé indéanta/iomchuí di gearán a dhéanamh taobh istigh de 3 mhí ó eisiúint RS Y, ós rud é nach raibh a fhios aici ag an am sin an raibh na seirbhísí a bhí luaite sa RS á bhfáil ag Y ná an oiread acu a bhí á soláthar. Thairis sin, bhí sí dóchasach go soláthródh an t-athbhreithniú sceidealta ar RS Y deis le díriú ar na seirbhísí a bhí á bhfáil. Rinne sí gearán toisc gur theip orthu an t-athbhreithniú a dhéanamh agus ní raibh moill míréasúnta ar a gearán dá bharr.

Mheas an tIarratasóir gur chóir go ndíreodh an t-achomharc ar na fáthanna nach bhfuair Y na seirbhísí a bhí luaite ina RS.

Cás an Fhreagróra:

Bhí FSS ag brath ar na nithe seo a leanas san achomharc:

(1) sháraigh an tIarratasóir na hamlínte maidir le gearán a dhéanamh faoi rialachán 24 agus bhí cinneadh an OG go raibh an gearán neamhbhailí ceart;

(2) ba chóir go mbeadh an t-achomharc faoi theorainn measúnaithe ar chirte chinneadh an OG nó a mhalairt go raibh an gearán neamhbhailí. Ó ba rud é nach ndearna an OG breithniú riamh ar fhiúntas ghearán an Iarratasóra (maidir le heaspa soláthar seirbhísí agus teip athbhreithniú a

dhéanamh ar an RS), ní raibh sé iomchuí agus ní raibh cead ag an OAM breithniú a dhéanamh ar na ceisteanna seo san achomharc.

Maidir le teip líomhainte FSS na seirbhísí fisiteiripe agus síceolaíocha sa RS a sholáthar do Y agus athbhreithniú a dhéanamh ar RS Y, níor thug an FSS dúshlán na fianaise a thacaigh leis na líomhaintí seo.

Thairg FSS míniúcháin ar easpa soláthair na seirbhísí seo ar bhonn na ndeacrachtaí leis an ionad/áiseanna a bhí sainithe sa RS le haghaidh sholáthar na seirbhísí fisiteiripe agus ceisteanna foirne a bhain le soláthar na seirbhísí síceolaíocha.

Cuireadh in iúl chomh maith nach ndearnadh athbhreithniú ar an RS toisc go raibh treoirlínte nua náisiúnta á n-ullmhú maidir le hathbhreithniú ar TManna.

Ceisteanna le cinneadh:

Bhí gá le cinneadh ar na **ceisteanna nósanna imeachta** seo a leanas san achomharc seo:

(1) cé acu an raibh nó nach raibh an ceart ag an OG cinneadh go raibh an gearán neamhbhailí;

(2) cé acu an raibh nó nach raibh an gearán déanta taobh amuigh de na teorainneacha ama forordaithe agus nach raibh bonn maith leis dá bharr; agus

(3) cé acu an raibh nó nach raibh údarás ag an OAM breithniú a dhéanamh ar fhiúntas ghearán an larratasóra (maidir le heaspa soláthar seirbhísí agus an teip athbhreithniú a dhéanamh ar an RS)

Bhí gá le cinneadh a dhéanamh ar na **ceisteanna substainteacha** seo a leanas san achomharc seo chomh maith:

(4) cé acu ar theip nó nár theip ar FSS i ndáiríre (má rinneadh an t-achomharc go bailí) na seirbhísí a bhí luaite sa RS a sholáthar agus athbhreithniú a dhéanamh ar an RS.

Torthaí:

Seo a leanas mo **phríomhthorthaí nósanna imeachta**:

(1) Ní raibh cead ag an OG faoin Acht diúltú imscrúdú a dhéanamh ar ghearán ná diúltú breithniú a dhéanamh ar bhailíocht gearáin ón uair go raibh sé glactha ag FSS;

(2) Níor tháinig cúis an ghearáin chun cinn nuair a eisíodh an RS. Tháinig sí chun cinn nuair a d'éirigh an tlarratasóir feasach ar easpa soláthair na seirbhísí a bhí luaite sa RS agus ar an teip athbhreithniú a dhéanamh ar an RS. I bhfianaise fhíricí an achomhairc, bhí an tlarratasóir taobh istigh den teorainn ama trí mhí a cheadaítear chun gearán a dhéanamh. Bhí bonn maith leis an ngearán mar sin;

(3) Agus aird tugtha ar scéim ghinearálta agus ar chuspóir an Achta, síneann cumhachtaí an OAM níos faide ná breithiúnas a thabhairt ar chirte chinneadh an OG agus i gcásanna áirithe, tá an OAM i dteideal agus ba chóir go ndéanfadh sí breithniú de novo ar chúrsaí ábhair an ghearáin. Sa chás a bhí ann, ó ba rud é gur theip ar an OG imscrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas sa ghearán, bhí sé iomchuí don OAM imscrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar a leithéid de cheisteanna.

Seo a leanas mo **phríomhthorthaí substainteacha**:

(4) (a) Níor soláthraíodh na seirbhísí fisiteiripe agus síceolaíocha a bhí luaite sa RS do Y. I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhí ag FSS le soláthar na seirbhísí seo, ba chóir socruithe

eile a dhéanamh chun soláthar na seirbhísí sa RS do Y a chinntiú.

(b) Ní dhearnadh athbhreithniú ar RS Y de réir na gceangal a cuireadh in iúl ann agus ní dhearnadh athbhreithniú orthu ach thart ar 17 mí tar éis an ama riachtanaigh le haghaidh athbhreithniú. Ba shárú tromchúiseach é seo ar cheangail reachtúla FSS. Níorbh fhírinniú é míniú FSS ar an moill go raibh treoirlínte nua náisiúnta á n-ullmhú le haghaidh TManna, níorbh fhírinniú é sin chun a dteidlíochtaí reachtúla a shéanadh ar leanaí faoin Acht.

Cinneadh:

Ceadaíodh an t-achomharc agus cuireadh toradh an OG go raibh an gearán neamhbhailí agus gan bonn maith dá bharr ar leataobh. Fuarthas go raibh bonn maith le gearán an Iarratasóra.

Fuarthas gur theip ar FSS an tseirbhís fhisiteiripe agus shíceolaíoch a bhí luaite sa RS a sholáthar agus gur theip orthu athbhreithniú a dhéanamh taobh istigh den am riachtanach a bhí sainithe sa RS.

Rinneadh moladh go soláthrófaí na seirbhísí fisiteiripe agus síceolaíocha do Y i gcomhréir le téarmaí a RS.

STAIDÉAR AR CHÁS UIMH.3

(Cinneadh AP0028/ 7 Bealtaine 2010)

Nádúr an Achomhairc:

Teip líomhainte FSS MR a chríochnú agus TM/RS a eisiúint do mhac an Iarratasóra taobh istigh de na teorainneacha ama atá leagtha amach san Acht agus sna Rialacháin.

[Nuair a bhí cúrsa an achomhairc ar siúl, tharraing an tIarratasóir ceist choimhdeach anuas i bhfoirm cur in aghaidh nochtadh ábhar áirithe ag FSS don OAM.]

Príomhfhorálacha reachtúla:

Alt 9(5) den Acht (ceangal (i) tús a chur le measúnú ar riachtanais sláinte agus oideachais duine taobh istigh de 3 mhí ó fháil a leithéid d'iarratas ar mheasúnú agus (ii) an measúnú a chríochnú gan moill mhíchuí)

Alt 11(8) den Acht (ceangal go n-ullmhófaí RS agus go gcuirfí é faoi bhráid iarratasóra gan mhoill mhíchuí)

Rialacháin 9 de na Rialacháin (ceangal tús a chur le próiseas an mheasúnaithe chomh luath agus is féidir tar éis don iarratas a bheith faighte, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta sin)

Rialachán 10 de na Rialacháin (ceangal an measúnú a chríochnú agus an TM a chur ar aghaidh go dtí an OI taobh istigh de 3 mhí ón dáta ar tosaíodh an measúnú, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla nuair a chríochnófar an measúnú gan mhoill mhíchuí. Sa chás go bhfuil cúinsí eisceachtúla ann, is gá an tIarratasóir a chur ar an eolas roimh dheireadh na 3 mhí faoin bhfáth nár críochnaíodh é taobh istigh de na 3 mhí agus an fráma ama ina bhfuiltear ag súil le críochnú an MR)

Rialachán 19 de na Rialacháin (ceangal an RS a chríochnú taobh istigh de 1 mhí amháin tar éis don TM a bheith faighte ag an OI)

Rialachán 20 de na Rialacháin (ceangal go seolfar an TM agus an RS le chéile go dtí an tIarratasóir agus go dtí an FSS taobh istigh de 1 mhí amháin tar éis don TM a bheith faighte ag an OI)

Cúlra:

Rinne an tIarratasóir iarratas an **10 Meán Fómhair 2008** ar MR dá mac, Y, duine a

raibh a cháilitheacht i leith MR deimhnithe ina dhiaidh sin don Iarratasóir ag an OM bainteach. Deimhníodh chomh maith nach dtosódh an próiseas measúnúcháin ar dháta níos déanaí ná an **10 Nollaig 2008**.

An **24 Deireadh Fómhair 2008**, chuir an OM Y ar aghaidh le haghaidh measúnú i réimsí na fisiteiripe, na teiripe saothair, na teiripe urlabhra agus teanga agus na síceolaíochta agus d'iarr an tOifigeach go gcríochnófaí na tuarascálacha ar dháta nach déanaí ná an **14 Eanáir 2009** le cinntiú go gcríochnófaí an TM taobh istigh den spriocdháta trí mhí.

Rinne an tIarratasóir gearán le FSS an **14 Eanáir 2009** maidir leis an teip tús a chur leis an MR taobh istigh den am a bhí sainithe in Alt 9(5) den Acht ná é a chríochnú gan moill mhíchuí. Fuair an OG an **13 Feabhra 2009** gur chóir an MR a thosú ní déanaí ná an **10 Nollaig 2008** agus gur chóir é a chríochnú tráth nach déanaí ná an **10 Márta 2009**, ó ba rud é go bhfuarthas an t-iarratas an **10 Meán Fómhair 2008**. Mhaígh an OG nach raibh aon bhonn leis an ngearán agus dhiúltaigh sé/sí seasamh leis.

Rinne an tIarratasóir achomharc chuig an OAM le fógra dar dáta an **12 Bealtaine 2009** in aghaidh thorthaí an OG.

Críochnaíodh an MR ina dhiaidh sin an **17 Meitheamh 2009** agus eisíodh an TM in éineacht leis an RS don Iarratasóir an **15 Iúil 2009**.

Cás an Iarratasóra:

Bhí achomharc an Iarratasóra bunaithe ar an méid seo a leanas:

(1) teip FSS coinní a thairiscint do Y le bheith measúnaithe agus an MR a chríochnú taobh istigh den fhráma ama reachtúil.

Ba é seasamh an Iarratasóra ná gur iarr an OM na tuarascálacha i gceithre speisialachas faoin **14 Eanáir 2009**, ach nach raibh Y tar éis bualadh ach le speisialtóir amháin agus nár socraíodh coinní leis na speisialtóirí eile faoin dáta sin. Mar sin, ní raibh an MR críochnaithe gan mhoill mhíchuí agus bhí sé soiléir nach gcríochnófaí an TM sa fhráma ama trí mhí ó thosú an MR, rud a chuaigh in éag an **24 Eanáir 2009**.

Chomh maith leis sin, tharraing an tIarratasóir ceist anuas chomh maith i rith an achomhairc maidir le heolas pearsanta rúnda a bhain léi in dhá thuarascáil leighis a bheith scaoilte don OAM gan a toiliú féin.

Cás an Fhreagróra:

Níor thug FSS freagra díreach ar na ceisteanna a ardaíodh san achomharc, ach tugann doiciméid a chuir siad ar fáil le fios gur bhraith siad ar na cúrsaí seo a leanas:

(1) Bhí torthaí an OG ceart;

(2) Fuarthas an t-iarratas ar MR an 1**0 Meán Fómhair 2009**, mar sin, níor ghá an MR a thosú go dtí an **10 Nollaig 2008** ná an próiseas a chríochnú go dtí an **10 Márta 2009**;

(3) Ó ba rud é gur taisceadh gearán an Iarratasóra breis is 7 seachtaine sula raibh gá leis an TM a chríochnú, ní raibh aon bhonn le gearán toisc nár sáraíodh na frámaí ama reachtúla le haghaidh críochnú TM.

Maidir le nochtadh eolas pearsanta an Iarratasóra, thug FSS le fios gur shínigh an tIarratasóir foirm toilithe le haghaidh roinnt eolais chun críocha an MR.

Torthaí:

Seo a leanas mo phríomhthorthaí:

(1) Cuireadh tús le MR Y faoin **24 Deireadh Fómhair 2008** ar a dhéanaí agus mar sin bhí an fráma ama éigeantach 3 mhí caite tráth nach déanaí ná an **24 Eanáir 2009**. Is mar seo a rinne an OG earráid

nuair a mheas sé/sí nár ghá an próiseas a chríochnú go dtí an **10 Márta 2009**;

(2) Ós rud é gurb é an príomhcheangal atá ann ná tús a chur leis an bpróiseas measúnúcháin chomh luath agus is féidir tar éis don iarratas a bheith faighte, níl sé iomchuí an dáta tosaithe MR a shocrú go tacair, 3 mhí tar éis don iarratas a bheith faighte;

(3) Thuig an tIarratasóir nuair a rinne sí a ghearán an **14 Eanáir 2009** nach raibh na 4 thuarascáil mheasúnúcháin a bhí iarrtha ag an OM faoin **14 Eanáir 2009** faighte agus go raibh bonn maith lena tuairim nach n-eiseofaí an TM taobh istigh den fhráma ama 3 mhí dá bharr .i. faoin **24 Eanáir 2009**;

(4) Cé nach raibh teorainn sheachtrach an fhráma ama éigeantaigh 3 mhí tar éis a bheith caite nuair a rinne an tIarratasóir a gearán, d'fhéadfaí a mhaíomh go raibh bonn lena gearán, trína rá go raibh moill mhíchuí ar chríochnú an MR faoin am sin;

(5) Ós rud é go dtugann an scéim reachtúil spreagadh do dhéanamh dlúsúil gearán, níor chóir a bheith ag léirmhíniú go ndearnadh gearán go hanabaí, ach amháin má tá sé soiléir nach bhfuil bonn ar bith leis an ngearán;

(6) Bhí moill mhíchuí i gceist le críochnú MR Y faoin **14 Eanáir 2009**;

(7) Ba chóir go bhfaigheadh an OG chomh maith go raibh teip ann an MR a chríochnú taobh istigh den teorainn 3 mhí ó ba rud é nach raibh an MR críochnaithe go fóill faoin am sin, nuair a rinne sí a cinneadh an **13 Feabhra 2009**.

(8) Bhí nochtadh na dtuarascálacha ar chuir an tIarratasóir ina aghaidh bainteach leis an achomharc. Thairis sin, d'údaraigh an toiliú scríofa a chuir an tIarratasóir ar fáil don FSS agus don OAM úsáid na dtuarascálacha sin.

(9) Sa chás seo, níorbh ionann an t-eolas pearsanta a ndearnadh gearán faoina nochtadh agus sonraí íogaire pearsanta chun críocha an ACS. Ach sa chás go mbeadh sonraí íogaire pearsanta i dtuarascálacha a gheobhadh an OM amach anseo chun críocha MR, bheadh sé inmholta (i) go gcuirfí a leithéid de thuarascálacha ar fáil d'ábhar na sonraí agus (ii) go bhfaighfí toiliú soiléir (chun críocha an ACS) d'úsáid na dtuarascálacha sin san MR.

Cinneadh:

Ceadaíodh an t-achomharc agus cuireadh toradh an OG nach raibh bonn maith leis an ngearán ar leataobh.

Fuarthas gur theip ar FSS MR a chríochnú do Y gan mhoill mhíchuí agus taobh istigh den tréimhse ama éigeantach 3 mhí. Fuarthas go raibh bonn maith le gearán an Iarratasóra.

Ó ba rud é go raibh an TM agus an RS eisithe faoi am an chinnidh seo, ní dhearnadh aon mholtaí.

STAIDÉAR AR CHÁS UIMH.4

(Cinneadh AP0031/ 21 Iúil 2010)

Nádúr an Achomhairc:

Teip líomhainte FSS cloí le moltaí (maidir le huainiú chríochnú an MR agus eisiúint an TM agus RS do mhac an Iarratasóra) a bhí curtha i bhfeidhm ag an OG

Príomhfhorálacha reachtúla:

Alt 8(5) den Acht (ceangal MR a sholáthar beag beann ar chostas ná ar chumas soláthair seirbhíse ar bith a aithníodh sa RT mar is cuí, le freastal ar riachtanais an duine atá i gceist)

Alt 9(5) den Acht (ceangal (i) tús a chur le measúnú ar riachtanais sláinte agus oideachais duine taobh istigh de 3 mhí ó fháil a leithéid d'iarratas ar mheasúnú agus (ii) an measúnú a chríochnú gan mhoill mhíchuí)

Alt 11(8) den Acht (ceangal go n-ullmhófaí RS agus go gcuirfí faoi bhráid iarratasóra é gan moill mhíchuí)

Rialachán 9 de na Rialacháin (ceangal tús a chur le próiseas an mheasúnaithe chomh luath agus is féidir tar éis don iarratas a bheith faighte, ach ní déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta sin)

Rialachán 10 de na Rialacháin (ceangal an measúnú a chríochnú agus an TM a chur ar aghaidh go dtí an OI taobh istigh de 3 mhí ó dháta tosaithe an mheasúnaithe, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla nuair a chríochnófar an measúnú gan mhoill mhíchuí. Sa chás go bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist, is gá an tlarratasóir a chur ar an eolas roimh dheireadh na 3 mhí faoin bhfáth nár críochnaíodh é taobh istigh de 3 mhí agus faoin bhfráma ama ina bhfuiltear ag súil le críochnú an MR)

Rialachán 19 de na Rialacháin (ceangal an RS a chríochnú taobh istigh de mhí amháin tar éis don OI an TM a fháil)

Rialachán 20 de na Rialacháin (ceangal go seolfaí an TM agus an RS le chéile go dtí an tlarratasóir agus FSS taobh istigh de 1 mhí amháin tar éis don OI an TM a fháil)

Príomhchaighdeáin:

Critéir 1.4 de Chaighdeáin ÚFCS (ceangal go mbeidh an duine rannpháirteach ar feadh an MR go léir agus go dtacaítear leis/léi a bheith rannpháirteach go gníomhach sa MR)

Cúlra:

Rinne an tlarratasóir iarratas an **5 Iúil 2008** ar MR dá mac, Y, duine a raibh a cháilitheacht i leith MR deimhnithe ina dhiaidh sin don Iarratasóir ag an OM bainteach. Deimhníodh chomh maith go dtosódh próiseas an mheasúnaithe ar dháta nach déanaí ná an **14 Deireadh Fómhair 2008**.

Rinne an tlarratasóir gearán le rannóg Gnóthaí Custaiméirí FSS an **20 Márta 2009** maidir le teip FSS tús a chur leis an MR taobh istigh den am atá sainithe in Alt 9(5) den Acht nó é a chríochnú gan moill mhíchuí. Níor críochnaíodh próiseas an MR faoin am sin agus ní raibh an TM/RS eisithe don Iarratasóir ach an oiread.

I dtuarascáil imscrúdúcháin dar dáta an **8 Iúil 2009**, fuair an OG bainteach gur theip ar FSS measúnú riachtanas Y a dhéanamh taobh istigh de na frámaí ama bainteacha agus sheas sé leis an ngearán in aghaidh FSS dá réir. Chuir sé teorainneacha ama nua i bhfeidhm chomh maith maidir le: (a) críochnú an TM agus a cur faoi bhráid an OI (**20 Iúil 2009**) agus (b) eisiúint an RS (**20 Lúnasa 2009**).

Críochnaíodh agus eisíodh an TM an **18 Meán Fómhair 2009** agus eisíodh an RS an **14 Deireadh Fómhair 2009**.

Rinne an tlarratasóir achomharc chuig an OAM trí fhógra achomhairc dar dáta an **2 Meán Fómhair 2009**, in aghaidh easpa cloí FSS leis na teorainneacha ama nua a bhí curtha i bhfeidhm ag an OG.

Cás an Iarratasóra:

Bhí achomharc an iarratasóra bunaithe air seo a leanas:

(1) teip FSS cloí le moltaí an OG go gcríochnófaí MR Y faoin **20 Iúil 2009**; agus

(2) teip FSS cloí le moladh an OG go n-ullmhófaí agus go n-eiseofaí TM agus RS Y faoin **20 Lúnasa 2009**.

Chomh maith leis sin, luaigh an tlarratasóir an chaoi nár críochnaíodh an MR ar dtús

taobh istigh den fhráma ama sainithe sa reachtaíocht agus nár críochnaíodh an TM do Y ar deireadh go dtí an **18 Meán Fómhair 2009**, rud a bhí breis is 9 mí taobh amuigh den tréimhse a cheadaítear sa reachtaíocht.

Cás an Fhreagróra:

D'admhaigh FSS go raibh moill ar eisiúint TM Y agus nár cloíodh leis na hamlínte a bhí molta ag an OG, ach d'aithin siad roinnt fachtóirí (a bhain le heaspa acmhainní a bheith ar fáil san oifig áitiúil sláinte bhainteach) a ghéaraigh an mhoill ar sholáthar TM chríochnaithe Y agus an RS ina dhiaidh sin.

Torthaí:

Seo a leanas mo phríomhthorthaí:

(1) Bhí na tuarascálacha bainteacha measúnúcháin go léir a chuir le TM deiridh Y eisithe faoin **9 Iúil 2009**, ach bhí **18 Meán Fómhair 2009** ann, thart ar dheich seachtaine ina dhiaidh sin, sular eisíodh an TM chríochnaithe don OI. Bhí an mhoill san oifig áitiúil sláinte bhainteach inchurtha i leith roinnt fachtóirí, lena n-áirítear líon mór na n-iarratas ar MR, easpa tacaíochta cléireachais agus easpa teiripeora saothair agus síceolaí araon;

(2) Níor cuireadh an t-iarratasóir ar an eolas (mar is gá de réir Rialachán 10) (i) nach gcríochnófaí an MR taobh istigh de na 3 mhí éigeantacha ná (ii) faoin bhfráma ama ina rabhthas ag súil le críochnú an MT;

(3) Theip ar FSS ina hoibleagáidí reachtúla MR a sholáthar do Y, mar is gá faoi Alt 8(5) den Acht;

(4) Theip ar FSS cloí le moladh an OG go soláthrófaí TM maidir le Y faoin **20 Iúil 2009**;

(5) Sháraigh FSS a hoibleagáid measúnú Y a chríochnú gan moill mhíchuí agus taobh istigh den tréimhse 3 mhí atá mar cheangal sa reachtaíocht – ní raibh aon chúinsí eisceachtúla ann chun an mhoill sin a fhírinniú;

(6) Níor leor leibhéal na cumarsáide idir an OM agus an tIarratasóir agus níor shásaigh sé Critéir 1.4 de Chaighdeáin an ÚFCS; agus

(7) Eisíodh an RS, áfach, taobh istigh den fhráma ama éigeantach aon mhí tar éis don TM a bheith faighte.

Cinneadh:

Ceadaíodh an t-achomharc agus seasadh le torthaí agus moltaí an OG (cur i bhfeidhm frámaí ama nua le haghaidh chríochnú an TM agus eisiúint an RS).

Fuarthas gur theip ar FSS cloí le moltaí an OG maidir leis an bhfráma ama do chríochnú an TM.

STAIDÉAR AR CHÁS UIMH.5

(Cinneadh AP0036/ 9 Nollaig 2010)

Nádúr an Achomhairc:

Teip líomhainte FSS RS a chríochnú i gceart, ina ndearnadh foráil do sholáthar na seirbhísí sin a aithníodh sa TM, mar atá de dhíth ar mhac an Iarratasóra.

Príomhfhorálacha Reachtúla:

Alt 11(3) den Acht (ceangal go bhfuil cead ag OI a leithéid de dhaoine a iarraidh de réir mar a mheasann sé/sí a bheith iomchuí (an CNOS san áireamh) le cabhrú le hullmhú ráiteas seirbhíse

Alt 11(4)(a) den Acht (foráil do OI tarchur a dhéanamh chuig an CNOS dá bhféadfadh sé sin cabhrú le hullmhú RS/aithint soláthraí seirbhís oideachais iomchuí/soláthar seirbhís oideachais atá sainithe san RS)

Alt 11(7) den Acht (leagtar amach na nithe is gá don OI a chur san áireamh in ullmhú an RS)

Alt 11(8) den Acht (ceangal go n-ullmhófaí RS agus go gcuirfí faoi bhráid iarratasóra é gan moill mhíchuí)

Alt 11(12) den Acht (dualgas reachtúil a chur i bhfeidhm ar an OI socruithe a dhéanamh maidir le soláthar na seirbhísí atá sainithe sa RS)

Rialachán 19 de na Rialacháin (ceangal an RS a chríochnú taobh istigh de 1 mhí amháin tar éis don OI an TM a fháil)

Cúlra:

Rinne an tIarratasóir iarratas an **24 Feabhra 2009** ar MR dá mhac, Y, duine ar dheimhnigh an OM bainteach a cháilitheacht ina dhiaidh sin. Deimhníodh chomh maith go dtosódh próiseas an mheasúnaithe ar dháta nach déanaí ná an **25 Bealtaine 2009**.

Críochnaíodh TM deiridh Y agus eisíodh í an **16 Nollaig 2009** agus aithníodh 13 idirghabháil/sheirbhís ar leith inti a bhí de dhíth ar Y agus measadh 7 gcinn acu sin a bheith de dhíth go práinneach. An **12 Eanáir 2010**, scríobh an OI chuig tuismitheoirí Y chun toiliú le cur siar eisiúint an RS a iarraidh. Eisíodh RS Y an **17 Feabhra 2010**.

Rinne an tIarratasóir gearán le rannóg Gnóthaí Custaiméirí FSS an **22 Feabhra 2010** maidir le hábhair RS Y. Sa tuarascáil a rinne sé dar dáta an **20 Aibreán 2010**, dhíbh an OG gearán an Iarratasóra. Thug an OG faoi deara go raibh an tIarratasóir míshásta nach ndearnadh soláthar sa RS ach do sheirbhísí bunaithe ar eolas (.i. eolas a bhféadfadh tuismitheoir Y teacht air), ach nach raibh aon chlinic socraithe go fóill chun teiripe a sholáthar do Y nuair a ullmhaíodh an RS. Fuair an OG go raibh ábhair an RS ceart nuair a eisíodh é, ó ba rud é go ndearnadh tarchur chuig clinicí éagsúla d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an áit a gcuirfí Y.

Rinne an tIarratasóir achomharc chuig an OAM trí fhógra achomhairc dar dáta an **28 Aibreán 2010** in aghaidh thoradh an OG nach raibh bonn maith le gearán an Iarratasóra.

Cuireadh RS leasaithe faoi bhráid an OAM an **5 Lúnasa 2010**, rud a chuimsigh teiripe shaothair a bhí á fáil ag Y ón **20 Bealtaine 2010**. Chomh maith leis sin, d'aithin sé 4 sheirbhís bhreise ar cuireadh Y ar aghaidh chucu.

[Tar éis don achomharc a bheith taiscthe, cuireadh ar aghaidh é le haghaidh idirghabháil le toiliú na bpáirtithe an **28 Meitheamh 2010**. Bhí an OAM curtha ar an eolas an **31 Lúnasa 2010** ag an OIG faoin teip an t-achomharc a réiteach trí idirghabháil. Mar sin, cuireadh an t-achomharc faoi bhráid an OAM le bheith imscrúdaithe].

Cás an Iarratasóra:

Bhí achomharc an Iarratasóra bunaithe air seo a leanas:

(1) theip ar RS Y aon cheann de na seirbhísí (fíorsheirbhísí) a sholáthar do Y mar a cuireadh síos orthu sa TM.

Bhí sé mar chás ag an Iarratasóir gur chóir dá mhac na seirbhísí a aithníodh sa TM a fháil (go háirithe na seirbhísí urlabhra agus teanga agus teiripe shaothair a ndearnadh tagairt dóibh). Mhaígh sé gur chóir athscrúdú a dhéanamh ar an RS i bhfianaise riachtanais Y mar atá sonraithe sa TM agus gur chóir don RS tagairt a dhéanamh d'fhíorsheirbhísí in áit seirbhísí eolais.

Cás an Fhreagróra:

Bhí FSS ag brath ar na nithe seo a leanas san achomharc:

(1) bhí iarracht déanta ag an FSS na seirbhísí atá molta sa TM a sholáthar do Y, trínar tharchur go dtí soláthraí seirbhísí speisialtóra (Beechpark Services)

a aithníodh sa TM. Ach dhiúltaigh Beechpark tarchur Y ar an mbonn nach raibh sé oiriúnach dá seirbhísí toisc [go bhfuair siad go raibh] príomh-mhíchumas seachas NSU air;

(2) rinne FSS cur síos ar a hiarrachtaí tríd an OI (tarchur san áireamh) teacht ar sheirbhísí iomchuí do Y, ach dhírigh sí aird ar fhachtóirí éagsúla (lenar áiríodh difear tuairime gairmiúla maidir le riachtanais Y agus na seirbhísí le freastal ar na riachtanais sin), rudaí a d'imir tionchar ar thoradh na n-iarrachtaí sin;

(3) Ghlac FSS leis gur aithníodh bearnaí sna seirbhísí do leanaí a bhfuil NSU agus gnáthmhíchumas orthu sa réigiún bainteach de chuid FSS (Baile Átha Cliath Thiar).

Torthaí:

Seo a leanas mo phríomhthorthaí:

(1) Ghníomhaigh an OI go hiomchuí nuair a fuarthas an TM, trí Y a tharchur láithreach chuig an soláthraí seirbhís speisialtóra a ainmníodh sa TM (Beechpark Services) agus gur chomhlíon sí an oibleagáid atá uirthi dá réir faoi Alt 11(12) den Acht;

(2) Cé go raibh critéir dhiana i bhfeidhm ag Beechpark Services maidir le hiontrálacha agus soláthar seirbhísí NSU (agus gur dhiúltaigh siad tarchur Y ar deireadh), nuair a chuirtear tuairimí an OM agus an síceolaí measúnúcháin san áireamh gurbh é Beechpark an tseirbhís iomchuí, rinne an OI tarchur iomchuí ar mhaithe le leas Y. Tar éis don diúltú seo tarlú, bhí ar an OM seirbhísí eile a fháil do Y;

(3) Bhí an idirghabháil oibre sóisialta a bhí á lorg ag an OI do theaghlach Y agus na seirbhísí oibre sóisialta a soláthraíodh do Y, i gcomhréir leis na moltaí sa TM;

(4) soláthraíodh an t-athbhreithniú éisteolaíochta a moladh do Y sa TM chomh maith;

(5) níor eisigh an OI RS Y i gcomhréir le Rialachán 19 de na Rialacháin. De réir na reachtaíochta, níl cead ag an OI toiliú a iarraidh ar iarratasóir le heisiúint RS a chur siar nó a iarchur. Ba chóir do RS Y a bheith eisithe ar/roimh an **16 Eanáir 2010**;

(6) Cé gur mhol an TM Jonix Pre-School chomh maith mar sholáthraí seirbhísí speisialtóra toisc nach dtagann sé faoi choimirce seirbhísí náisiúnta sláinte ná oideachais, ní raibh aon dualgas ar an OI Y a tharchur go foirmiúil go dtí Jonix Pre-School go díreach. Bhí sé iomchuí gur sheol an OI an t-eolas bainteach ar an áis réamhscoil seo ar aghaidh go dtí teaghlach Y;

(7) Bhí torthaí an TM ag léiriú riachtanais oideachais agus sláinte Y. Ach b'ábhar mearbhaill mhóir é do theaghlach Y gur dhiúltaigh Beechpark Services, atá ina sheirbhís speisialtóra atá maoinithe ag FSS, gur dhiúltaigh siad tarchur Y; agus

(8) Is gá don chéad mheasúnú eile ar Y athmhachnamh a dhéanamh ar thorthaí an TM, ó ba rud é go raibh an oiread sin mearbhaill i gceist maidir leis an difríocht tuairime cliniciúla (idir Beechpark Services agus an síceolaí measúnúcháin), rud a d'imir tionchar ar sholáthar seirbhísí do Y.

Cinneadh:

Níor ceadaíodh an t-achomharc ar bhonn substainteach. Dearbhaíodh toradh an OG (go raibh ábhair an RS a eisíodh i gceart).

Rinneadh athrú ar thorthaí an OG sa mhéid is go ndearnadh moladh go raibh Y i dteideal eisiúint an RS ar dháta nach déanaí ná an 16 Eanáir 2010.

Rinneadh moladh chomh maith gur chóir d'athbhreithniú TM Y breithniú a dhéanamh ar a riachtanais i bhfianaise thorthaí an TM agus na deacrachtaí a bhí ann ina dhiaidh sin le haithint soláthraithe seirbhíse iomchuí.

STAIDÉAR AR CHÁS UIMH.6

(Cinneadh AP0032/ 25 Samhain 2010)

Cé go bhfuil an staidéar seo a leanas ar chás i bhfad níos faide ná an staidéar ar chásanna eile atá san áireamh sa chuid seo, is léiriú é an achoimre ar théacs an chinnidh iomláin agus réimse na gcúrsaí dlínsiúla, nósanna imeachta agus substainteacha ar ghá a chinneadh i rith chúrsa an achomhairc seo. Is léiriú iad na cúrsaí dlínsiúla, nósanna imeachta agus substainteacha seo ar a n-uain ar an trasghearradh leathan cúrsaí a bhí ann ar bhonn leanúnach i gcur i gcrích m'fheidhmeanna reachtúla.

Nádúr an Achomhairc:

Teip líomhainte FSS cloí le moltaí an OG maidir le críochnú MR do mhac an Iarratasóra; teip líomhainte FSS seirbhísí a sainíodh sa RS a sholáthar agus athbhreithniú a dhéanamh ar an RS; ábhair an RS a bheith mícheart/neamhiomlán.

Príomhfhorálacha Reachtúla:

Alt 9(5) den Acht (ceangal (i) tús a chur le measúnú ar riachtanais sláinte agus oideachais duine taobh istigh de 3 mhí ó fháil a leithéid d'iarratas ar mheasúnú agus (ii) an measúnú a chríochnú gan moill mhíchuí).

Alt 9(8) den Acht (ligtear do dhuine a rinne iarratas roimhe seo ar MR iarratas breise a dhéanamh ar MR sa chás:

(a) go bhfuil athrú ábhartha ar chúinsí;

(b) gur cuireadh eolas breise ar fáil maidir le cúinsí pearsanta an iarratasóra nó na seirbhísí atá ar fáil le freastal ar a riachtanais;

(c) go n-aithnítear botún ábhartha fírice san MR).

Alt 10 den Acht (ceangal gur gá MR a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin bhainteacha fhorordaithe – Caighdeáin an ÚFCS)

Alt 14(1) den Acht (leagtar amach na boinn seo a leanas ar ar féidir gearáin a dhéanamh le FSS:

(a) cinneadh ag an OM nach raibh an duine faoi mhíchumas;

(b) níor tosaíodh an MR taobh istigh den am éigeantach faoi Alt 9(5) nó níor críochnaíodh é gan moill mhíchuí;

(c) ní dhearnadh an MR i gcomhréir leis na caighdeáin bhainteacha fhorordaithe – Caighdeáin an ÚFCS;

(d) ábhair an RS;

(e) teip FSS/an tsoláthraí seirbhís oideachais seirbhís a bhí luaite sa RS a sholáthar/a sholáthar go hiomlán.

Alt 15(10) den Acht (ceadaítear do OG botún ar bith a rinne sé/sí i moladh dá c(h)uid a cheartú)

Alt 18(3) den Acht (ceangal go ndéanfaí achomharc chuig an OAM taobh istigh de 6 seachtaine ó chur in iúl an toraidh/mholta bhaintigh don iarratasóir)

Rialachán 22 de na Rialacháin (ceangal go ndéanfaí athbhreithniú ar an RS ar dháta nach déanaí ná 12 mhí tar éis dó a bheith dréachtaithe nó ó rinneadh an leasú/ athbhreithniú deireanach ar an RS)

Cúlra:

Rinne an tIarratasóir iarratas an **30 Deireadh**

Fómhair 2007 ar MR dá mac, Y, duine ar dheimhnigh an OM bainteach a cháilitheacht i leith MR don Iarratasóir ina dhiaidh sin. Deimhníodh chomh maith go dtosódh próiseas an mheasúnaithe ar dháta nach déanaí ná an **31 Eanáir 2008**.

Rinne an tIarratasóir gearán le FSS an **16 Meán Fómhair 2008** maidir le teip FSS tús a chur leis an MR taobh istigh den am a bhí sainithe in Alt 9(5) den Acht, ná é a chríochnú gan moill mhíchuí. Ní raibh próiseas an MR críochnaithe faoin am sin, agus ní raibh an TM/RS eisithe don Iarratasóir.

I dtuarascáil imscrúdúcháin dar dáta an **17 Nollaig 2008**, sheas an OG bainteach ("OG1") le gearán an Iarratasóra agus fuair sé nár shocraigh FSS MR neamhspleách do Y go rathúil taobh istigh de na frámaí ama bainteacha agus go raibh cuid den mheasúnú riachtanach ar Y gan déanamh go fóill. Chuir sé teorainneacha ama nua i bhfeidhm chomh maith maidir le: (a) críochnú na gcomhchodanna atá fágtha (lenar áiríodh comhchodanna ortoptacha, ortótacha agus éisteolaíochta) de MR Y faoin **6 Feabhra 2009**, (b) críochnú an TM faoin **13 Feabhra 2009** agus (c) ullmhú agus eisiúint RS Y, i gcomhar leis an TM ar dháta nach déanaí ná **15 Márta 2009**.

Eisíodh an TM an **18 Feabhra 2009** agus fuarthas go raibh Pairilis Cheirbreach ar Y agus go raibh cuid dá chumas éisteachta caillte aige chomh maith. Eisíodh an RS an **12 Márta 2009**. Ach ní raibh an tuarascáil mheasúnaithe éisteolaíochta (rud a bhí molta ag an OG le bheith críochnaithe faoin **6 Feabhra 2009**) críochnaithe faoin dáta seo. Críochnaíodh an measúnú éisteolaíochta faoi dheireadh an **25 Meitheamh 2009** agus eisíodh RS leasaithe ar/thart ar an **21 Iúil 2010**).

An **22 Aibreán 2009**, rinne an tIarratasóir an dara gearán le FSS ar 4 bhonn:

(1) teip FSS tús a chur leis an MR taobh istigh den am atá sainithe in Alt 9(5) den Acht ná é a chríochnú gan mhoill mhíchuí;

(2) ní dhearnadh an MR ar bhealach a chloígh leis na caighdeáin bhainteacha a ndéantar tagairt dóibh in Alt 10 den Acht;

(3) ábhair an RS;

(4) theip ar FSS/an soláthraí seirbhís oideachais seirbhís a sainíodh sa RS a sholáthar/a sholáthar go hiomlán.

I dtuarascáil imscrúdúcháin gan dáta a eisíodh ar/thart ar an **23 Meán Fómhair 2009**, níor sheas an dara OG ("OG2") le haon chuid de ghearán an Iarratasóra. Maidir leis an ngearán thuas ag (1), fuair OG2 gur tháinig an RS i bhfeidhm ón **12 Márta 2009** i gcomhréir leis an bhfráma ama a bhí curtha i bhfeidhm ag OG1 agus nach bhféadfaí seasamh leis an gcuid seo den ghearán dá bharr.

Rinne an tIarratasóir achomharc chuig an OAM trí fhógra achomhairc dar dáta an **20 Deireadh Fómhair 2009** in aghaidh chinneadh OG2 nach raibh bonn maith lena gearán.

An **16 Samhain 2009**, scríobh OG2 chuig an Iarratasóir chun iarracht a dhéanamh leasú a dhéanamh ar an mbonn ar a bhfuair sé nach bhféadfaí seasamh leis an ngearán faoin MR. Bhí sé mar bhonn leasaithe ag OG2 go mbeadh sé iomchuí achomharc a dhéanamh chuig an OAM toisc nach raibh OG2 in ann an cheist a imscrúdú arís ná moltaí a dhéanamh, mura gcloífí go hiomlán le moltaí OG1.

[Tar éis don achomharc a bheith taiscthe agus gan aon chur ina aghaidh a bheith i gceist, cuireadh an t-achomharc **ar aghaidh le haghaidh** idirghabháil an **24 Feabhra 2010**. Bhí an OAM curtha ar an eolas an **30 Márta 2010** ag an OIG go raibh sé mar chonclúid ag cruinniú réamh-idirghabhála

an **26 Márta 2010** nár phróiseas iomchuí í idirghabháil chun an t-achomharc a réiteach. Mar sin, cuireadh an t-achomharc faoi bhráid an OAM le bheith imscrúdaithe].

Cás an Iarratasóra:

Bhí achomharc an Iarratasóra bunaithe ar na boinn seo a leanas:

(1) teip FSS MR Y a chríochnú go himleor (toisc gur theip air measúnú éisteolaíochta a dhéanamh roimh an teorainn ama a bhí curtha i bhfeidhm ag OG1 nó roimh eisiúint an RS) mar is gá de réir mholtaí OG1;

(2) go raibh ábhair an RS mícheart nó neamhiomlán (toisc gur theip air díriú ar riachtanais éisteachta Y, chun na seirbhísí a gheobhadh Y agus an t-am a gheobhadh sé iad a aithint. Bhí an chuma air chomh maith go raibh coinníollacha ag baint le soláthar seirbhísí i gcásanna áirithe); agus

(3) gur theip ar FSS seirbhísí a sholáthar/a sholáthar go hiomlán do Y i gcomhréir le téarmaí a RS (maidir le teiripe urlabhra agus teanga, tacaíocht shíceolaíoch agus soláthar ortótaice). Theip ar FSS chomh maith athbhreithniú a dhéanamh ar RS Y faoin **12 Márta 2010** mar is gá de réir Rialachán 22).

Cás an Fhreagróra:

Thug doiciméid a chuir FSS ar fáil le fios gurbh é seo a leanas a seasamh:

(1) ní fhéadfaí ach achomharc a dhéanamh chuig an OAM faoi theip moltaí OG1 a chur i bhfeidhm agus ní fhéadfadh OG2 déileáil lena leithéid de líomhain mar ghearán;

(2) Eisíodh RS Y roimh an dáta a bhí molta ag OG1. Cé nach raibh aon mheasúnú éisteolaíochta críochnaithe faoin am sin, thoiligh an tIarratasóir le heisiúint an TM ina éagmais. Cuireadh an tuarascáil éisteolaíochta ar fáil ina dhiaidh sin an **29 Meitheamh 2009**;

(3) Ó ba rud é go raibh seirbhísí á bhfáil ag Y ón soláthraí seirbhísí míchumais áirithe seo (Enable Ireland) ar feadh roinnt blianta de réir na n-acmhainní a bhí ar fáil dóibh, bhí sé iomchuí go gcinnfí soláthar na seirbhísí amach anseo ar bhonn riachtanais chliniciúla Y ag am an athbhreithnithe agus i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil. Ní raibh Enable Ireland in ann seirbhísí a sholáthar taobh amuigh dá mbuiséad leithdháilte;

(4) Má thagann deacrachtaí chun cinn i soláthar seirbhísí, ní ligeann an reachtaíocht don OG moltaí a dhéanamh chun an fhíric sin a athrú; agus

(5) Cé gur admhaíodh go raibh teip ann athbhreithniú a dhéanamh ar RS Y go dtí an **21 Iúil 2010**, cuireadh in iúl gur tharla athbhreithniú ar an RS de bhun TM athbhreithnithe agus nach bhfuarthas aon TM athbhreithnithe ón OM ag an am sin.

Cúrsaí le cinneadh:

Ba ghá cinneadh a dhéanamh ar na **ceisteanna nósanna imeachta** seo a leanas san achomharc seo:

(1) Cé acu ar chóir nó nár chóir éisteacht ó bhéal a chur ar siúl i gcásanna gur iarr an tIarratasóir í, ach nár aithníodh aon cheisteanna díospóide nó ábhartha fírice nach bhféadfaí a chinneadh go cóir gan éisteacht ó bhéal;

(2) Cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cead ag OG a t(h)orthaí bunaidh i dtuarascáil imscrúdúcháin a athrú ina dhiaidh sin;

(3) Cé acu an raibh nó nach raibh OG2 ceart ina thoradh leasaithe ón **16 Samhain 2009** gurbh é an gníomh iomchuí maidir le neamh-fhorfheidhmiú líomhainte mholtaí OG1 ná achomharc chuig an OAM agus

nach raibh sé in ann an cheist seo a imscrúdú arís.

Ba ghá cinneadh a dhéanamh ar na **ceisteanna substainteacha** seo a leanas san achomharc seo chomh maith:

(4) Cé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí seasamh leis an mbonn tosaigh ar ar dhíbh OG2 gearán an larratasóra maidir leis an bpróiseas MR;

(5) Cé acu ar theip nó nár theip ar FSS MR a sholáthar i gcomhréir le Caighdeáin an ÚFCS;

(6) Cé acu an raibh nó nach raibh ábhair an RS mícheart nó neamhiomlán; agus

(7) Cé acu ar theip nó nár theip ar FSS na seirbhísí atá sainithe sa RS a sholáthar/a sholáthar go hiomlán.

Torthaí:

Seo a leanas mo **phríomhthorthaí nósanna imeachta**:

(1) Éisteacht ó Bhéal

D'fhéadfadh gá a bheith le héisteacht ó bhéal d'fhonn cinneadh cóir a dhéanamh ar aon cheisteanna díospóidte nó ceisteanna ábhartha fíricí. Sa chás seo, fuair mé nach raibh aon cheisteanna ábhartha ann, lenar áiríodh ceisteanna inchreidteachta nó ceisteanna fíricí conspóidte, rudaí nach bhféadfaí a chinneadh ach le héisteacht ó bhéal agus ní raibh a leithéid de cheisteanna aitheanta ag ceachtar den dá pháirtí. Ós rud é go bhfuil ceangal ann faoi Alt 18(11) den Acht achomhairc a dhéanamh ar bhealach chomh neamhfhoirmiúil is atá i gcomhréir le cur i gcrích fheidhmeanna an OAM, cinneadh an t-achomharc gan éisteacht ó bhéal a thionól;

(2) Leasú ag OG ar thuarascáil imscrúdúcháin

Faoi Alt 15(10) den Acht, tá cumhacht OG leasú a dhéanamh ar a t(h)uarascáil faoi theorainn ceartú botúin. Sa chás seo, níor iarr an OG2 botún a cheartú, ach d'iarr sé athrú a dhéanamh ar an mbonn ar ar thug sé toradh. Fuair mé nach raibh an leasú seo údaraithe ag Alt 15(10) den Acht;

(3) Gearán le FSS/ achomharc chuig an OAM

Níl fáth ar bith ann i bprionsabal nach ceadmhach an t-iompar céanna de chuid FSS a bheith mar bhonn le gearán le FSS agus achomharc chuig an OAM.

Bhí an teorainn ama don larratasóir le hachomharc a dhéanamh faoi Alt 18(3) maidir le neamh-fhorfheidhmiú mholtaí OG1 (maidir le críochnú an MR) tar éis a bheith caite sula raibh an bonn lena leithéid d'achomharc a dhéanamh tar éis fabhrú.

Chomh maith leis sin, bhí bonn ag an larratasóir gearán a dhéanamh le FSS faoi Alt 14(1) den Acht ar bhoinn a bhain le sárú Caighdeán éagsúil de chuid an ÚFCS [féach thíos ag pointe (5)] beag beann ar cé acu ar thacaigh nó nár thacaigh na fíricí céanna le hachomharc chuig an OAM faoi neamh-fhorfheidhmiú faoi Alt 18(1).

Maidir le "athimscrúdú" ag OG, ní gá go gcuimseoidh breithniú OG ar ghearáin maidir le gníomhartha/easnaimh a tharla tar éis do mholtaí a bheith déanta ag OG roimhe sin, ní gá go gcuimseoidh sé seo athimscrúdú ábhar an ghearáin roimhe sin ná déanamh moltaí breise.

Seo a leanas mo **phríomhthorthaí substainteacha**:

(4) Bhain toradh OG2 nár tharla aon teip maidir le críochnú MR Y (toisc gur ullmhaíodh an RS i gcomhréir le moladh OG1), bhain sé an chiall mhícheart as

gearán an larratasóra. Theip ar OG2 a aithint gur bhain an gearán leis an MR (go háirithe an teip an chomhchuid éisteolaíochta a chríochnú) agus ní le hullmhú an RS. Mar sin, ní féidir tacú leis an mbonn tosaigh ar a raibh OG2 ag brath chun an réimse seo de ghearán an iarratasóra a dhíbhe.

(5) Cloí le Caighdeáin an ÚFCS

Leagann Caighdeáin an ÚFSC béim láidir ar an gcaoi gur chóir don MR riachtanais an iarratasóra a aithint agus tosaíocht a dhéanamh díobh agus go mbeidh an TM a bheidh mar thoradh air ina thaifead cuimsitheach atá bunaithe ar fhianaise, cothrom le dáta agus cruinn ar riachtanais an duine. Sháraigh teipeanna FSS sna réimsí seo a leanas Caighdeáin an ÚFCS:

(a) Teip comhchuid éisteolaíochta de MR Y a chríochnú;

(b) Teip athbhreithniú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar an TM chun torthaí an mheasúnaithe éisteolaíochta a chuimsiú ann nuair a bhí sé déanta; agus

(c) Teip leibhéal/méid riachtanais Y i leith seirbhísí agus teiripí a aithint go beacht;

(6) Ábhair RS

Maidir le heaspa tagartha ar bith do riachtanais éisteachta Y sa RS, níorbh fhéidir a bheith ag súil leis go saineodh an OI soláthar seirbhísí éisteolaíochta do Y nuair nach ndearnadh déileáil le cailleadh a héisteachta mar chuid den TM. Ach ba chóir soláthar a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar TM agus RS Y chomh luath is a bhí tuarascáil éisteolaíochta ar fáil. Ní dhearnadh aon iarracht a torthaí a chuimsiú sa RS ná sa TM. Seo easnamh tromchúiseach leanúnach ar RS Y.

Bhí an RS mícheart agus neamhleor sa chaoi ar teipeadh na seirbhísí sláinte agus na frámaí ama le haghaidh soláthar seirbhísí áirithe do Y a shainiú go soiléir. Nuair atá soláthar seirbhísí ag brath go coinníollach ar thuairimí an tsoláthraí seirbhíse/fáil acmhainní amach anseo, tarmligtear an ceart do sholáthraithe seirbhíse cinneadh aontaobhach a dhéanamh ar na seirbhísí a gheobhaidh an leanbh. Tá sé seo ag teacht salach ar scéim na reachtaíochta ina ndeirtear gur gá athrú ar sholáthar na seirbhísí a dhéanamh trí leasú foirmiúil ar an RS, rud ar féidir achomharc/gearán a dhéanamh ina aghaidh. Is gá do RS a bheith scríofa i dtéarmaí atá chomh sainithe sin gur féidir teip seirbhísí beartaithe a sholáthar a fhorfheidhmiú trí mheicníochtaí sásaimh na reachtaíochta.

Bhí an RS míchruinn agus mícheart chomh maith sa chaoi ar thug sé le fios go mícheart go raibh freastal iomlán á dhéanamh ar riachtanais Y i réimsí na teiripe urlabhra agus teanga, fisiteiripe agus teiripe shaothair leis an soláthar seirbhíse sa RS. Theip ar an RS na riachtanais ar Y nach raibh freastal á ndéanamh orthu a aithint. Anuas air sin, ní dhearnadh aon iarrachtaí soláthraithe seirbhíse eile seachas Enable Ireland a aithint a mbeadh na hacmhainní acu le freastal ar na riachtanais ar Y nach raibh freastal á dhéanamh orthu. Rinneadh fiosruithe eile a bhí neamhleor chomh maith maidir le cé acu an mbeadh nó nach mbeadh sé mar thoradh ar sholáthar a leithéid de sheirbhísí breise do Y go ndéanfaí caiteachas a bheadh níos mó ná an méid a leithdháileadh faoin bPlean Seirbhíse bainteach.

(7) Teip líomhainte seirbhísí a sainíodh i RS a sholáthar

Theip ar FSS seirbhísí athbhreithnithe síceolaíochta áirithe a sainíodh sa RS a sholáthar do Y ó Mhárta 2009 i leith.

Chomh maith leis sin, ní dhearna athbhreithniú ar RS Y mar ba ghá faoin **12**

Márta 2010. Bhí na heasnaimh chéanna ar an RS leasaithe a ullmhaíodh i rith chúrsa an achomhairc seo agus a eisíodh ar/thart ar an **21 Iúil 2010** is a bhí ar an RS bunaidh, rud a chiallaigh go raibh an t-athbhreithniú neamhleor.

Anuas air sin, ní dhearnadh aon iarrachtaí páirt a thabhairt don Iarratasóir san athbhreithniú ar RS Y, rud a tháinig salach ar an gceangal in Alt 11(11) den Acht.

Cúrsaí Bainteacha Eile:

Tarraingíodh dhá cheist eile anuas chomh maith le fíricí an cháis:

(1) Tuairim an Iarratasóra gur chóir athmheasúnú a dhéanamh ar Y toisc nár measadh go raibh Pairilis Cheirbreach air a thuilleadh (dar le scanadh inchinne a rinneadh le déanaí); agus

(2) Tagairtí a rinneadh i rith chúrsa an achomhairc do chead an Iarratasóra a bheith tugtha d'eisiúint an TM gan measúnú éisteolaíochta Y a bheith críochnaithe.

Cé nach bhfuil na ceisteanna seo mar chuid de thorthaí an achomhairc seo, seo a leanas mo thráchtanna orthu:

(1) Faoi Alt 9(8) den Acht, tá cead ag iarratasóir ar MR iarratas breise a dhéanamh i gcásanna áirithe. San achomharc seo, dhírigh an tIarratasóir aird ar scanadh inchinne a rinneadh le déanaí agus mheas sí nár thacaigh sé leis an tuairim go raibh Pairilis Cheirbreach ar Y a thuilleadh. Bhí sé seo tarraingthe anuas ag an Iarratasóir le OG2 mar bhonn le hathmheasúnú. Theip ar OG2 a chur in iúl don Iarratasóir go raibh cead aici iarratas a chur isteach ar athmheasúnú faoi Alt 9(8) den Acht nuair ba chóir dó;

(2) Bhí sé intuigthe gur thoiligh an tIarratasóir le heisiúint an TM gan fanacht leis an tuarascáil éisteolaíochta nuair a bhí TM Y diúltaithe di ar feadh breis is 8 mí agus nuair a bhí an chuma ar an scéal nach raibh aon seans ann go ndéanfaí tuarascáil éisteolaíochta. Níor réitigh an cead seo an sárú reachtúil a rinne FSS agus níl aon tionchar aige ar an toradh maidir le teip FSS a chinntiú go ndearnadh MR i gcomhréir le caighdeáin an ÚFCS.

Cinneadh:

Ceadaíodh an t-achomharc agus cuireadh toradh OG2 nár seasadh leis an ngearán agus nach raibh bonn maith leis, cuireadh ar leataobh é. Fuarthas go raibh bonn maith le gearán an Iarratasóra.

Fuarthas:

- **Gur theip ar FSS MR a sholáthar i gcomhréir le Caighdeáin an ÚFSC, mar is gá de réir Alt 10, mar gheall ar theip measúnú éisteolaíochta a dhéanamh;**

- **Go raibh RS Y míchruinn agus mícheart toisc gur tugadh le fios (a) go raibh freastal iomlán á dhéanamh ar a riachtanais leis na seirbhísí sainithe i dTeiripe Urlabhra agus Teanga, Teiripe Shaothair agus Fisiteiripe agus (b) teip dátaí/ minicíocht a aithint d'fháil seirbhísí sainithe;**

- **Theip ar FSS seirbhísí áirithe athbhreithnithe síceolaíochta a sholáthar a bhí sainithe sa RS do Y ó Mhárta 2009 i leith; agus**

- **Theip ar FSS athbhreithniú a sholáthar ar RS Y taobh istigh den fhráma ama éigeantach.**

Rinneadh na moltaí seo a leanas:

- **Go ndéanfaí measúnú éisteolaíochta agus go gcuimseofaí**

é i RS leasaithe (rud a chuimseoidh athbhreithniú chomh maith ar TM Y ón 18 Feabhra 2009), agus tá an TM leasaithe le bheith críochnaithe ar dháta nach déanaí ná an 21 Eanáir 2011;

- **RS leasaithe ar bhonn an TM leasaithe (rud a ndearnadh tagairt dó thuas) le bheith eisithe ar dháta nach déanaí ná an 31 Eanáir 2011. Is gá don RS leasaithe na seirbhísí, na tréimhsí ama do agus minicíocht soláthair a leithéid de sheirbhísí do Y a aithint go soiléir; agus**

- **Is gá dáta athbhreithnithe an RS leasaithe (mar a rinneadh tagairt dó thuas) a shainiú sa RS leasaithe agus ní ceadmhach dó a bheith ar siúl ar dháta níos déanaí ná 12 mhí tar éis an dáta a n-eisítear an RS leasaithe.**

Caibidil 4:

Athbhreithniú ar Oibriú an Achta um Míchumas, 2005

Caibidil 4: Athbhreithniú ar Oibriú an Achta um Míchumas, 2005

Rinne an Roinn Pobail, Comhionannais agus Gnóthaí Gaeltachta athbhreithniú i Meitheamh 2010 ar an Acht mar is gá faoi alt 6 den Acht. Críochnaíodh an t-athbhreithniú seo agus foilsíodh é in Iúil 2010.

Agus mé mar Oifigeach Achomhairc um Míchumas, sheol mé dearcadh isteach ar mo thuairimí ar na ceisteanna praiticiúla oibriúcháin a thug mé faoi deara nuair a bhí achomhairc á gcinneadh agam. Tá achoimre ar na tuairimí seo i gcorp na Caibidle seo.

Measúnú Riachtanais

Tugann mo thaithí ar oibriú an Achta go praiticiúil le fios go leanann na Tuarascálacha Measúnúcháin deiridh bealach cuir chuige caighdeánach pro forma de ghnáth i leith cur síos ar riachtanais linbh, gan mórán anailíse mionsonraithe a bheith tugtha ar na fíor-riachtanais atá ar an leanbh. Ní dhéanann cuid mhaith Tuarascálacha Measúnúcháin ach riachtanais linbh a aithint de réir mar is gá tarchur a dhéanamh chuig seirbhís nó seirbhísí áirithe amhail teiripe urlabhra agus teanga, teiripe shaothair agus/nó tarchur go dtí scoil nó institiúid ar leith, beag beann ar réimse leathan an mhíchumais atá ar na leanaí seo. Mar sin, is beag difear atá ann idir Tuarascálacha Measúnúcháin amach ó ainmneacha na gcliniceoirí a rinne an measúnú. D'fhéadfaí a mhaíomh nach raibh sé seo á bheartú san Acht agus go bhfuil gá le hanailís agus tuairisciú ar na sonraí ar leith a bhaineann le gach riachtanas sa Tuarascáil Mheasúnúcháin a ghabhann leis d'fhíormheasúnú ar riachtanais linbh, ionas go soláthraítear méid iomchuí agus imleor gnéitheachta agus indibhidiúlachta taobh istigh den phróiseas measúnúcháin.

Tá an léirmhíniú seo ar shonra agus ar ábhar beartaithe na dTuarascálacha Measúnúcháin faoin Acht tacaithe ag cáilíochtaí na nOifigeach Measúnúcháin atá sainordaithe de réir mar is gá ag clásal 13 den na Rialacháin. Tá an chuma air nach bhfuil na buncháilíochtaí seo le feiceáil i gcuid mhaith de na Tuarascálacha Measúnúcháin a ndearnadh m'oifig athbhreithniú orthu, ós rud é gur gnách a leithéid de thuarascálacha a chruthú i bhformáid chaighdeánaithe gan mórán anailíse criticiúla nó gan anailís chriticiúil ar bith.

Chomh maith leis sin, tá fadhbanna athfhillteacha ann le Tuarascálacha Measúnúcháin a bhféadfaí díriú orthu. Tá sé i gceist go mbeadh Tuarascálacha Measúnúcháin ina ráiteas cuimsitheach ar riachtanais linbh. Ach tugann cuid mhaith de na Tuarascálacha Measúnúcháin a cuireadh ar fáil dúinn i rith na n-achomharc faoin Acht le fios dúinn go ndéantar moltaí do mheasúnú ildisciplíneach agus eile mar *"sheirbhísí atá de dhíth"* i dTuarascálacha Measúnúcháin. Tá an chuma air nach bealach cuir chuige maith é seo, dar linn. Chomh maith leis sin, is minic nach bhfuil an fráma ama inar chóir seirbhísí ar leith a sholáthar don leanbh leagtha amach sa Tuarascáil Mheasúnúcháin. Is minic a ghlactar le hamscála *"chomh luath agus is féidir"* agus d'fhéadfaí breathnú air sin mar rud neamhleor. Anuas air sin, nuair a mholtar tarchur chuig comhlacht no cleachtóir eile in áit soláthar seirbhíse, tá cuma gan bhrí ar úsáid fráma ama "láithreach", ós rud é nach soláthraíonn sé dáta ónar chóir seirbhísí a sholáthar don leanbh i ndáiríre. D'fhéadfaí alt 8(7) den Acht a leasú ar mhaithe le díriú ar na buarthaí seo, trí cheangail ar leith agus níos mionsonraithe a chur san áireamh d'ábhair na dTuarascálacha Measúnúcháin.

Cúrsaí ar gá breithniú orthu faoi alt 11 (7) (d) agus (e)

Tá sé mar thaithí agam go mbíonn cur chuige neamhréireach ag Oifigigh Idirchaidrimh maidir le ciall na hindéantachta in alt 11(7)(d) den Acht agus maidir leis an gceangal nach mbeidh an caiteachas níos mó ná an méid a leithdháiltear chun Plean Seirbhíse ceadaithe a chur i bhfeidhm faoi alt 11(7)(e) den Acht. Is é an ghnáthchiall atá leis an bhfocal *"indéantacht"* ná *"bheith in ann a bheith*

déanta nó bainte amach" nó *"féideartha"*. Dá réir sin, is gá d'Oifigeach Idirchaidrimh breithniú a dhéanamh ar cé acu an féidir nó nach féidir leis an FSS (nó soláthraí seirbhís oideachais) seirbhís áirithe a sholáthar nó cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé féideartha go gcuirfeadh FSS an tseirbhís bhainteach ar fáil, chun críoch alt 11(7)(d) den Acht.

Amach ó cheist "indéantacht" soláthar seirbhíse áirithe, is gá d'Oifigeach Idirchaidrimh breithniú a dhéanamh chomh maith ar chostais soláthair na seirbhíse baintí sa chaoi atá ordaithe ag alt 11(7)(e) den Acht. Faoin bhforáil seo, is gá d'Oifigeach Idirchaidrimh *"a chinntiú nach mbeidh sé mar thoradh ar sholáthar na seirbhíse go ndéanfar aon chaiteachas a bheidh níos mó ná an méid atá leithdháilte chun an plean seirbhíse ceadaithe a chur i bhfeidhm"*. Dá mbeadh sé mar thoradh ar sheirbhís bhainteach go ndéanfaí caiteachas a bheadh níos mó ná na buiséid leithdháilte, ba ghá don Oifigeach Idirchaidrimh gan soláthar a dhéanamh don tseirbhís bhainteach. Is é mo thaithí nach gnách go ndéanann Oifigigh Idirchaidrimh difreáil idir an ceangal indéantachta in alt 11(7)(d) agus na ceisteanna caiteachais is gá a chur i bhfeidhm de réir alt 11(7)(e) den Acht.

Chomh maith leis sin agus in ainneoin théarmaí éigeantacha alt 11(7)(e), níl sé mar thaithí agam gur gnách go bhfaigheann Oifigigh Idirchaidrimh ná Oifigigh Gearán na pleananna seirbhíse ceadaithe do na OÁSanna atá i gceist nuair a bhítear ag déileáil le daoine ag rá nach féidir seirbhísí áirithe a sholáthar toisc acmhainní neamhleora. Ar mhaithe le díriú ar an easnamh dealraitheach seo i bhfeidhmiú na hoibleagáide seo faoin Acht, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil sé iomchuí sna cásanna seo nuair nach ndearna Ráiteas Seirbhíse soláthar do sheirbhís le freastal ar riachtanais mheasúnaithe an iarratasóra toisc ceisteanna róchaiteachais/acmhainní, go gcuirfí dualgas reachtúil ar Oifigigh Idirchaidrimh fáthanna a gcinntí a mhíniú d'iarratasóirí ina leith seo, trí thagairt don phlean seirbhíse ceadaithe le haghaidh na bliana airgeadais baintí. Mar a míníodh tuilleadh, meastar gur chóir a leithéid d'fháthanna a sholáthar mar chuid de théarmaí na Ráiteas Seirbhíse bainteach.

Ráitis Seirbhíse

Tháinig buarthaí comhchosúla leis na cinn a tugadh faoi deara maidir leis an Measúnú Riachtanais chun cinn chomh maith ón gcur chuige foirmleach a bhíonn ann de ghnáth i leith ceist na Ráiteas Seirbhíse faoialt 11 den Acht. Tá na haon cheangail atá ann maidir le hábhair na Ráiteas Seirbhíse in alt 11(2) den Acht agus tá an chuma air go raibh na riachtanais seo neamhleor i rith an chleachtaidh. Ba chóir go n-aithneodh Ráitis Seirbhíse gach ceann de na riachtanais aonair a ndéantar tagairt dóibh sa Tuarascáil Mheasúnúcháin, cén chaoi ar féidir freastal ar riachtanais aonair trí sholáthar seirbhíse, cén dream a sholáthróidh an tseirbhís sin, an dáta óna soláthrófar an tseirbhís sin agus an tréimhse ina soláthrófar é.

Sa chás nach féidir seirbhísí a sholáthar d'Iarratasóirí maidir le riachtanas aitheanta ar leith, meastar gur chóir é seo a mhíniú taobh istigh de théarmaí an Ráitis Seirbhíse é féin ionas go mbeidh an tIarratasóir in ann sásamh a lorg nó dúshlán an chinnidh sin a thabhairt trí alt 14 den Acht. Cinnteoidh cuimsiú na "riachtanas nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu" sna Ráitis chomh maith go gcuimseoidh athbhreithniú na Ráiteas Seirbhíse na riachtanais seo nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil acmhainn ar fáil anois chun na seirbhísí gan soláthar a chur ar fáil. Tá sé á mhaíomh ag FSS faoi láthair gur é an t-aon cheangal a bhaineann le téarmaí alt 11(2) ná gur gá go mbeidh na seirbhísí sin atá le bheith curtha ar fáil scríofa sna Ráitis Seirbhíse agus nach bhfuil an oibleagáid ná ceangal ar FSS mar sin a teip seirbhísí a sholáthar do riachtanais áirithe a mhíniú. Maíonn FSS chomh maith nach bhfuil na *"riachtanais seo nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu"* mar chuid d'ábhair

na Ráiteas Seirbhíse, nach mbaineann an cinneadh gan a leithéid de sheirbhísí a sholáthar leis an nós imeachta gearán agus sásaimh faoi alt 14(1)(d) den Acht. Mar chuid de mo bhreithniú ar Achomhairc a rinneadh faoin Acht, níor ghlac mé leis na hargóintí seo a bheith i gcomhréir le mian na reachtaíochta. Cé go n-aithníonn FSS i litir chlúdaigh trína hOifigigh Idirchaidrimh i rith an chleachtaidh céard iad na seirbhísí nach soláthrófar, is gnách dá a leithéid de litreacha a rá nach *"féidir na seirbhísí seo a sholáthar faoi láthair"* agus sin sin. Tá an chuma air nach bhfuil a leithéid de mhíniúcháin imleor.

Bonn Gearán

Meastar go bhféadfaí na cúig bhonn le gearán a ndéantar foráil dóibh in alt 14(1) a shíneadh go réasúnta chun na trí bhonn bhreise seo a leanas a chuimsiú:

(f) leorgacht an mheasúnaithe a dhéantar faoi alt 9 den Acht;

(g) teip an Ráitis Seirbhíse seirbhís nó seirbhísí a sholáthar do riachtanais mheasúnaithe iarratasóra;

(h) teip an Oifigigh Idirchaidrimh leasú nó athrú a dhéanamh ar Ráiteas Seirbhíse tar éis athbhreithniú ar an Ráiteas Seirbhíse faoi alt 11(11) den Acht.

Is é ár dtaithí go ndearna roinnt Iarratasóirí iarrachtaí ceann de na boinn seo a chur in iúl mar achomharc agus bhí gá le breithniú a dhéanamh ar argóintí breithiúnacha maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bonn ceart lena leithéid de ghearáin a bhreithniú faoi alt 14(1) den Acht. Cé go bhféadfaí a mhaíomh go bhfuil na boinn seo cuimsithe taobh istigh de alt 14(1)(b) agus (d) faoi seach, d'fhéadfaí a mhaíomh agus bhí se maíte nach amhlaidh an scéal. Ós rud é gur chóir dóibh seo a bheith mar bhonn maith le gearán, moltar go ndéanfaí leasú ar alt 14(1) den Acht chun an méid se a shoiléiriú.

Meastar chomh maith nach bhfuil an t-am faoinar féidir gearán a dhéanamh faoi alt 14(2) sainmhínithe go himleor ná go réasúnta. Faoi chlásal 24(2) de na Rialacháin, is gá gearán a dhéanamh chomh luath agus is féidir go réasúnta agus ní déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta ar tháinig cúis an ghearáin chun cinn. Ní dhéantar aon tagairt sna forálacha seo d'eolas an Iarratasóra. Tá sé mar thoradh air sin go bhféadfadh an tIarratasóir an ceart chun gearán a dhéanamh faoi alt 14 den Acht a chailleadh, sula mbeadh aon eolas aige/aici ar na fíricí atá mar bhonn lena g(h)earán. Ní mheastar go bhfuil sé seo inghlactha ós rud é go bhfuil sé soiléir nár chóir don am inar féidir gearán a dhéanamh tosú go dtí go bhfuil an tIarratasóir nó an duine a ndéantar tagairt dó/di faoi alt 9(2) den Acht feasach ar chúis an ghearáin. Ar mhaith le díriú ar an aimhrialtacht seo, moltar go ndéanfaí leasú ar théarmaí chlásal 24 den na Rialacháin chun na héifeachta seo:

"Déanfar gearán chomh luath is atá indéanta go praiticiúil nó taobh istigh de thrí mhí ón dáta a n-éiríonn an t-iarratasóir feasach ar chúis an ghearáin, nó cibé is déanaí".

Feidhm an Oifigigh Gearán

Má ghlactar leis an moladh leathnú a dhéanamh ar an mbonn gearáin faoi alt 14 mar atá mínithe thuas, beidh gá le leasú a dhéanamh ar na torthaí nó na moltaí atá Oifigeach Gearán i dteideal a dhéanamh faoi alt 15(8) den Acht chomh maith, chun foráil a dhéanamh do na trí mholadh bhreise seo a leanas:

- Má tá toradh sa tuarascáil nár leor an measúnú ar riachtanais an iarratasóra, moladh go ndéanfaí measúnú eile ar an duine faoi alt 9 taobh istigh den tréimhse atá sainithe sa mholadh;

- Má tá toradh sa tuarascáil gur theip ar an Ráiteas Seirbhíse soláthar a dhéanamh do sheirbhís is cóir a bheith san áireamh sa Ráiteas Seirbhíse,

moladh go mbeadh leasú nó athrú déanta ar an Ráiteas Seirbhíse ag an Oifigeach Idirghabhála nó go gcuirfeadh sé/sí leis chun soláthar a dhéanamh don tseirbhís nó na seirbhísí atá i gceist sa tréimhse shainithe sa mholadh;

- Má tá toradh sa tuarascáil gur theip ar an Oifigeach Idirghabhála leasú nó athrú imleor a dhéanamh ar Ráiteas Seirbhíse, moladh go ndéanfadh an tOifigeach Idirghabhála leasú nó athrú ar an Ráiteas nó go gcuirfeadh sé/sí leis taobh istigh den tréimhse atá sainithe sa mholadh.

Achomhairc chuig an Oifigeach Achomhairc um Míchumas

Bhí aimhrialtachtaí suntasacha mar thoradh ar an bhfráma ama inar féidir Achomharc a dhéanamh faoi alt 18(3) nach bhféadfadh a bheith beartaithe. Mar shampla, d'fhéadfadh sé tarlú mar gheall ar an gceangal go bhfuil 6 seachtaine ag duine chun Achomharc a dhéanamh ón dáta ar cuireadh an toradh nó an moladh a mbaineann an tAchomharc leis in iúl don duine, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh tréimhse an Achomhairc caite sula dtarlódh an eachtra atá mar ábhar an Achomhairc. Mar shampla, má dhéanann moltaí a dhéantar faoi alt 15(8)(b), (c), (d), (e) nó (f) soláthar do thréimhse de bhreis is sé seachtaine inar féidir an moladh a chur i bhfeidhm, bheadh an tréimhse achomhairc faoi alt 18(3) le haghaidh neamhfhorfheidhmiú caite sula mbeadh an teip cloí leis an moladh tar éis tarlú. Cé go bhféadfadh larratasóir brath ar fhorálacha alt 18(4) chun síneadh na tréimhse Achomhairc go tréimhse bhreise 12 sheachtain a lorg ina leithéid de chás, ní mheastar gur chóir go mbeadh ar larratasóir a bheith ag brath ar dhiscréid na nOifigeach Achomhairc síneadh a cheadú nuair nár tháinig bonn an Achomhairc chun cinn ach tar éis don phríomhthréimhse achomhairc a bheith caite. Chomh maith leis sin agus i gcás ar bith, d'fhéadfadh an fráma ama ina bhfuil moltaí le bheith curtha i bhfeidhm a bheith níos mó ná 18 seachtaine agus ní bheifear in ann a leithéid d'achomhairc a leigheas trí bhrath ar alt 18(4).

Caibidil 5:

Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara

Caibidil 5: Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara

Laethanta Roinnte Eolais

Lean m'oifig de chruinnithe poiblí a chur ar siúl. Ó Mheán Fómhair 2010, rinneamar roinnt Oícheanta Roinnte Eolais réigiúnacha a reáchtáil agus bhí cuid mhaith Úsáideoirí Seirbhíse agus soláthraithe seirbhíse i láthair ag na hócáidí sin.

Scaipeadh cuirí trí na comhlachtaí ionadaíocha Úsáideoirí Seirbhíse go náisiúnta, trí OÁS FSS agus trí stáisiúin raidió áitiúla agus nuachtáin áitiúla.

Tábla 3: Forbhreathnú Déimeagrafach ar Oícheanta Roinnte Eolais OOAM

Dáta	Suíomh
28 Meán Fómhair	An Clár
5 Deireadh Fómhair	Port Láirge
12 Deireadh Fómhair	Dún Dealgan
19 Deireadh Fómhair	Corcaigh
9 Samhain	Baile Átha Luain

Ba ghá cruinniú a bhí pleanáilte do Bhaile Átha Cliath a chur siar go dtí 2011 de dheasca drochaimsire.

Cur i láthair do Chumann Síceolaithe na hÉireann.

An 16 Meitheamh, rinne mé cur i láthair do CSÉ ar ról agus feidhm an OAM agus thug mé forbhreathnú ar obair na hoifige go dtí seo.

Grúpaí Abhcóideachta

Bhuail mé le comhaltaí Sheirbhísí Abhcóideachta Éireann i bhFómhar 2010 d'fhonn measúnú a dhéanamh ar fhoirmeacha iarratais agus bileoga eolais OOAM. Tá an obair seo ar siúl go leanúnach.

Caibidil 6:

Rialachas Corparáideach:

Caibidil 6: Rialachas Corparáideach:

Tugann Rialachas Corparáideach treoir go mbeadh córais agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag gníomhaireachtaí/oifigí a thacaíonn leis na próisis oibre atá i gceist le reáchtáil na n-oifigí seo, rud a léireodh cleachtas oibre atá trédhearcach agus cuntasach.

Déanann OOAM a gnó ar ardchaighdeán. Cuireann sé seo dualgas ar m'oifig a chinntiú go mbíonn polasaithe iomchuí i bhfeidhm le déileáil leis an tírdhreach timpeallachta ina mbím ag oibriú nuair a sholáthraím seirbhís sásaimh faoin Acht. Tá na polasaithe agus na nósanna imeachta seo a leanas forbartha againn go dtí seo:

a. *Lámhleabhar Cód Cleachtais OOAM 2010 (2ú hEagrán) d'fhoireann atá ag próiseáil achomharc faoin Acht*

b. *Creatdoiciméad na Tuarascála ar Chinneadh agus ar Fháthanna le Cinneadh*

c. *Ráiteas Straitéiseach 5 Bliana OOAM*

d. *Tuairisciú buarthaí cosanta leanaí a d'eascair i rith phróiseas na n-achomharc:*

e. Prótacail Sláinte agus Sábháilteachta OOAM

f. Straitéis Bhainistíochta Riosca OOAM

g. Nósanna Imeachta Cuntasaíochta agus Ceannaigh OOAM, 2010

Chomh maith leis sin, cloíonn m'oifig leis na polasaithe agus nósanna imeachta bainteacha náisiúnta mar seo a leanas:

1. Cloí le Rialachán Airgeadais na Príomhroinne (RSL)

2. Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2001) a nuashonraíodh i 2009

3. Creat do Rialachas Corparáideach agus Airgeadais (Aibreán 2006)

4. Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí (Nollaig 2008)

Caibidil 7:

Cúrsaí Oibriúcháin agus Eagraíochtúla

Caibidil 7: Cúrsaí Oibriúcháin agus Eagraíochtúla

Tuarascáil Airgeadais:

Tá ceithre phríomhchostas ann a thabhaítear taobh istigh de OOAM agus déantar cur síos orthu faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Pá agus costais ghaolmhara
- Costais reáchtála oifige
- Comhairle Neamhspleách (Dlí agus Idirghabháil)
- Oiliúint (Sheachtrach agus Intí)

Léiríonn Tábla 4 thíos gach costas a tabhaíodh i OOAM i rith 2010. Tá na figiúirí bunaithe ar shonraisc a íocadh; costais a tabhaíodh; agus cuimsíonn siad tuarastail shannta foirne, rudaí a bhíonn á n-íoc ag an Roinn Sláinte agus Leanaí (RSL). Ba é an buiséad leithdháilte a bhí ann i rith 2010 ná 501,000.

Tábla 4

	Méid €
Pá agus costais ghaolmhara	268,000
Costais reáchtála oifige	68,500
Comhairle Neamhspleách (Dlí agus Idirghabháil)	128,000
Oiliúint (Sheachtrach agus Intí)	11,467
Iomlán	**475,967**

Eiseofar ráiteas iomlán airgeadais le haghaidh 2010 nuair a chríochnófar Iniúchadh an ARCC a tharla nuair a bhí an Tuarascáil seo á hullmhú. Foilseofar an Ráiteas Airgeadais seo ag deireadh 2011 i gcomhréir le Sceideal (mír 6 agus 7) a ghabhann leis an Acht.

Tuarascáil Acmhainní Daonna:

Ó Eanáir go Lúnasa 2010, bhí ceathrar (4) ball foirne ag baint le OOAM:

- 1 x Oifigeach Achomhairc um Míchumas
- 1 x Oifigeach Idirghabhála
- 1 x Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AOF)
- 1 x Oifigeach Feidhmiúcháin (OF)

Laghdaíodh an líon seo go triúr CL (WTE), toisc srianta nach raibh smacht ag an oifig seo orthu, ó Mheán Fómhair 2010 go dtí Nollaig 2010.

Leanann foireann OOAM de leas a bhaint as deiseanna chun a scileanna a fheabhsú, le tacú le haschur éifeachtach. Déanann Aguisín 2 cur síos ar an gcineál oiliúna a bhíonn i gceist.

Aguisín 1:

Conair Próiseas Achomharc OOAM

Aguisín 1: Conair Próiseas Achomharc OOAM



Aguisín 2:

Tuarascáil ar Oiliúint Foirne 2010

Aguisín 2: Tuarascáil ar Oiliúint Foirne 2010			
Foireann	**Mí**	**Soláthraí**	**Oiliúint**
OAM agus Oifigeach Idirghabhála	Eanáir	IPA Cearnóg Mhuinseo	Nósanna imeachta dlíthiúla agus cánachas costas.
Oifigeach Idirghabhála	Feabhra go Bealtaine (aon lá amháin in aghaidh na míosa)	Institiúid Chairte na nIdirghabhálaithe	Ardoiliúint Idirghabhála d'Idirghabhálaithe Creidiúnaithe
AOF agus OF	Márta	Sage Éireann	Oiliúint ar Bhogearraí Sage
Foireann uile OOAM	Aibreán	Dlíodóirí Mason Hayes +Curran	Rialacha Cúirte Cuarda
Foireann uile OOAM	Aibreán	Oiliuna	Ardscileanna Word
OAM agus Oifigeach Idirghabhála	Aibreán	Gnóthaí Poiblí Éireann	Forbairtí sa Dlí Poiblí le Déanaí
AOF	Aibreán	Gnóthaí Poiblí Éireann	Sláinte agus sábháilteacht san earnáil phoiblí
Foireann uile OOAM	Meitheamh	Dlíodóirí Mason Hayes +Curran	Aimsiú Doiciméad
OAM	Meán Fómhair 2010 - Bealtaine 2011	IPA/Ollscoil Harvard	Dúshlán Ceannaireachta
OAM	Samhain	JSB UK	Ardscileanna Breithiúnacha

Nótaí